Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Scottish Government
Riaghaltas na h-Alba
gov.scot

# Comh-Athbhreithniú Déthaobhach na hÉireann/na hAlban

## Tuarascáil agus Moltaí 2021–25


# Réamhrá

Simon Coveney T.D., An tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire Cosanta

Michael Russell MSP, Rúnaí na Comh-aireachta don Bhunreacht, Eoraip agus Gnóthaí Seachtracha



© Julian Behal / RGET



© Rialtas na hAlban

Tá lúcháir orainn an tuarascáil seo a fhoilsiú agus aithnímid go bhfuil sí á foilsiú againn tráth a bhfuil go leor ag athrú agus neart dúshlán nach bhfacthas riamh ann.  In ainneoin nach féidir linn an tuarascáil a sheoladh le chéile i nDún Éideann nó i mBaile Átha Cliath, is cúis iontais agus spreagtha an méid fuinnimh, agus líon mór na ndeiseanna, atá le fáil inti, agus inár bpróiseas comhchoiteann.

Ba é seo an chéad uair a thug an dá rialtas seo faoi chomh-athbhreithniú déthaobhach. Aontaíodh ag an tús, i Samhain 2019, gurb é a bheidh mar chuspóir an athbhreithnithe an dlúthchaidreamh, an comhar agus an dlúthcheangal a bhaineann leis an gcaidreamh idir mhuintir na hÉireann agus muintir na hAlban a chinntiú agus go dtabharfar aird chuí air sa timpeallacht idirnáisiúnta atá ag athrú. D'aontaíomar freisin gur cheart go n-ailíneodh raon an athbhreithnithe le cumais choiteanna an dá rialtais.

Cuireadh athruithe i bhfeidhm nuair a tháinig deireadh le tréimhse aistrithe an Bhreatimeachta. Sa chomhthéacs nua sin, is mian leis an dá thír go mbeadh an caidreamh is dlúithe agus is féidir idir Albain agus Éire, agus idir an Ríocht Aontaithe agus Éire, chun comhleasa mhuintir ár dtíortha, agus níos leithne ná sin, ar na hoileáin seo.


Pléadh na rudaí a dhéanaimid le chéile mar chuid den athbhreithniú: na rudaí a dtugaimid fúthu mar rialtais, mar náisiúin trádála, trínár gcomhlachtaí taighde, trínár bhforais chultúir agus trínár bpobail. Chualamar ó neart daoine agus eagraíochtaí agus tá a gcuid smaointe, taithí agus díocas le haghaidh níos mó comhair le feiceáil sa tuarascáil seo. Bhí an freagra a fuaireamar ar ár gceistneoir thar a bheith dearfach agus bhí sé mar thobar flúirseach eolais ar cheangail thar théamaí uile an athbhreithnithe.

D'éisteamar le go leor guthanna agus thángamar ar chomhaontú faoin obair bhreise ar cheart dúinn a dhéanamh. Is pointe tosaigh é seo do na cúig bliana amach romhainn, agus níos faide fiú. Chruthaíomar na comharthaí bóthair a bheidh mar threoir dúinn agus don obair uaillmhianach a dhéanfaimid le chéile, agus ní mar shainmhíniú teoranta ar thorthaí na todhchaí. Níl aon dabht orainn go bhfeicfimid smaointe nua ag teacht chun cinn de réir mar a fhorbróidh an caidreamh eadrainn mar gheall ar na deiseanna breise a chruthóimid.

Anuas air sin, d'fhonn a chinntiú go mbainfear an uaillmhian a bhaineann lenár moltaí amach, táimid tiomanta do theacht le chéile ar bhonn bliantúil, tráth a mbreathnóimid ní hamháin ar an méid ar éirigh linn a bhaint amach, ach leagfaimid cuspóirí nua, uaillmhianta agus comhroinnte amach freisin.

Tacóidh an comhar nua agus dírithe seo lenár dtéarnamh níos leithne agus muid fós ag maireachtáil le COVID-19 agus ag atógáil ár sochaithe agus na ngeilleagar. Táimid ag súil go mór leis na tograí a dhéanfaimid le chéile i neart réimsí, idir na healaíona, eolaíocht, ghnó agus tionscnaimh idir-rialtas agus idir an dá phobal.

Is ardán é seo óna bhfásfaidh an caidreamh eadrainn, agus is léarscáil é freisin, an léarscáil a threoróidh an fás sin. Molaimid go mór é dár gcomhshaoránaigh. Tá súil agam go n-aithneoidh tú na deiseanna agus an uaillmhian atá le fáil ann. Glac páirt sa togra chun iad sin a bhaint amach le chéile.





*Before le Pat Kinevane, ag Féile Imill Dhún Éideann 2019.*
*© Patrick Redmond*

# Clár Ábhair


02 Forbhreathnú

04 An Caidreamh idir an dá Rialtas

08 An Caidreamh Gnó agus Geilleagrach

12 Pobail agus Diaspóra

16 Cultúr

22 Naisc Acadúla agus Thaighde

26 Pobail Tuaithe, Cois Cósta agus Oileán

30 Aguisín 1 *Moltaí*

34 Aguisín 2 *Ceistneoir*

# Forbhreathnú

Cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le naisc láidre idir na dlínsí atá in aice láimhe ar na hoileáin seo leis an gcomhthéacs idirnáisiúnta don chaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus Éirinn agus an comhthéacs sin ag athrú faoi láthair.

In ainneoin nach bhfuilimid inár gcomhbhaill den Aontas Eorpach níos mó, cuireann an bonn láidir agus seasmhach a cruthaíodh leis an gComhlimistéar Taistil, agus na struchtúir a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta, bunchloch shocair ar fáil d'fhorbairt leanúnach an chaidrimh idir mhuintir an dá thír.

Sa chomhthéacs sin, bhí comóradh 20 bliain ón dáta ar síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta, faoinar bunaíodh Comhairle na Breataine-na hÉireann, agus dílárú ar an bhfód san Albain le níos mó ná 20 bliain anuas, mar fhianaise do Rialtas na hÉireann agus do Rialtas na hAlban go raibh sé in am athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an dá thír.

Ba é a bhí mar aidhm leis an athbhreithniú déthaobhach na ceangail atá ann cheana féin a dhaingniú i gcomhthéacs na timpeallachta idirnáisiúnta nua, agus le haon acmhainn bhreise a d'fhéadfadh a bheith i neart réimsí den chaidreamh idir Albain agus Éire a thapú. Ba thionscnamh taidhleoireachta nua é don dá rialtas a bheith ag oibriú le chéile ar chomh-athbhreithniú déthaobhach sa bhealach seo.

Cuireadh tús leis an obair don chomh-athbhreithniú déthaobhach i Samhain 2019. Ní raibh sé de chuspóir ag an athbhreithniú a bheith uileghabhálach, ach go ndéanfaí léargas de staid reatha an chaidrimh a thaispeáint, go dtreorófaí uaillmhianta comhchoiteann, agus go mbainfí na féidearthachtaí fáis atá sa chaidreamh idir Éire agus Albain amach sa todhchaí, agus an méid sin a dhéanamh trí phróiseas comhairliúcháin.

Baineann na réimsí a fiosraíodh san athbhreithniú, agus na réimsí ar a dtuairiscítear anseo, leis an gcaidreamh déthaobhach idir an dá rialtas, agus i dtéarmaí níos ginearálta, le gnó agus an geilleagar, le pobail agus diaspóra, le cultúr, naisc acadúla agus thaighde, le pobail tuaithe, cois cósta agus oileán, agus tá údarás déabhlóidithe ag Rialtas na hAlban ar na réimsí sin uile.

Bhí raon leathan agus éagsúil cruinnithe le réimse fairsing páirtithe leasmhara mar chuid den phróiseas



Bailé Éireann ag Féilte Dhún Éideann 2018, mar chuid de Chultúr Éireann BM18.
© Julie Howden

athbhreithnithe; reáchtáladh comhchainteanna, grúpaí comhairliúcháin agus na céadta comhráite le haghaidh na gcruinnithe sin.  Bhíomar in ann cumhacht an athbhreithnithe a leathnú le ceistneoir ar líne. Fuarthas thart ar 1,068 freagra ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí in Éirinn, in Albain agus níos faide i gcéin.

Cé nár léiríodh gach tuairim atá le fáil i gceachtar den dá thír, ná sa dhá thír, chuir siad tráchtaireacht shaibhir ar fáil dúinn agus léiríonn siad go bhfuil níos mó rannpháirtíocht ghníomhach sa chaidreamh ná mar a síleadh roimhe.

Tugadh le fios le hobair an athbhreithnithe gur minic a raibh go leor cosúlachtaí idir cúig phríomhthéama. Bhí sé seo le feiceáil go ríshoiléir i snáithe na bPobal Tuaithe, Cois Cósta agus Oileán, agus ceanglaítear téamaí uile an athbhreithnithe faoin snáithe sin go nádúrtha. Léiríonn sé sin na pobail shuntasacha cois cósta agus tuaithe atá le fáil in Albain agus in Éirinn. Is léir go bhfuil roinnt de na deiseanna is spreagúla le haghaidh comhair amach anseo le fáil sa snáithe seo den athbhreithniú ina ndírítear ar Phobail Tuaithe, Cois Cósta agus Oileán, agus tá ár dtiomantas do na deiseanna sin a fhorbairt le chéile le feiceáil sna moltaí.

Ar ndóigh, chuir an phaindéim dhomhanda isteach ar an bpróiseas athbhreithnithe mar bhí ar an dá rialtas freagairt don chéim éigeandála práinní den ghéarchéim. Leasaíodh na pleananna bunaidh a bhí ann le haghaidh comhairliúchán le páirtithe leasmhara dá bharr sin. Tá tús áite á thabhairt d'obair a dhéantar in earnáil an ghnó agus an gheilleagair tráth seolta na tuarascála seo, agus táthar ag díriú an cur chuige sin ar thacaíocht le haghaidh níos mó nascachta idir gnóthaí Albanacha agus Éireannacha sna blianta amach romhainn, agus mar bheart níos láithrí, táthar ag tacú le téarnamh geilleagrach agus sóisialta i ndiaidh na paindéime.

Leagadh próiseas an athbhreithnithe amach i Nóta maidir le Coincheap. Rinne Coiste Stiúrtha d'oifigigh shinsearacha ón dá rialtas maoirseacht ar an bpróiseas, agus déanfaidh siad faireachán ar dhul chun cinn na moltaí comhaontaithe freisin. Cuirfidh an Coiste Stiúrtha tuairisc faoi bhráid an Aire Gnóthaí Eachtracha agus in Éirinn agus faoi Rúnaí na Comh-aireachta do Ghnóthaí Eachtracha gach bliain, tráth a nglacfar le moltaí nua le haghaidh níos mó comhair. Mairfidh an próiseas cúig bliana, go dtí an bhliain 2025, i gcomhréir le cuspóirí na straitéise 'Éire Dhomhanda'.

Leagtar amach sa tuarascáil seo gach ar foghlaimíodh ón bpróiseas athbhreithnithe, agus déantar moltaí faoin mbealach a bhforbróidh an caidreamh idir Éire agus Albain a thuilleadh inti chomh maith. Tá roinnt de na moltaí sin sonrach, agus baineann siad le hobair a chaithfear a bhaint amach i gcaitheamh na chéad bhliana. Is comharthaí bóthair iad roinnt moltaí eile agus treoraíonn siad an treo níos fadtéarmaí.

# An Caidreamh idir an dá Rialtas

Ba shlata tomhais iad dílárú trí Acht na hAlban agus Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta mar aon le bunú Chomhairle na Breataine-na hÉireann in 1998 don chaidreamh idir Albain agus Éire a neartú. Bhunaigh Éire Ard-Chonsalacht i nDún Éideann freisin sa bhliain sin chun an caidreamh a leathnú agus a láidriú sa chomhthéacs nua sin.

Tá cairdeas seanbhunaithe agus cairdeas saibhir idir daoine á bhfeabhsú ó shin i leith trí cheangail pharlaiminte a threisiú, lena n-áirítear trí Thionól Parlaiminte na Briotáine-na hÉireann (BIPA), mar thoradh ar chaidreamh déthaobhach neartaithe idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas na hAlban, agus comhar trí earnálacha oibre Chomhairle na Breataine-na hÉireann. Labhair an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn le Parlaimint na hAlban nuair a thug sé cuairt ar Albain in 2016 agus labhair an Chéad-Aire le Seanad Éireann i rith cuairt ar Éirinn.

Tá dlúthchaidreamh ag an dá thír thar roinnt réimsí beartas, go háirithe i gcomhthéacs Chomhairle na Breataine-na hÉireann. Léirítear malartú smaointe leathan agus éagsúil maidir le beartais agus tionscnaimh sna cuairteanna rialta ón gCéad-Aire, an tAire Gnóthaí Seachtracha agus raon airí éagsúla le blianta beaga anuas.

Is iomaí aire Éireannach a thugann cuairt ar Albain le haghaidh Lá Fhéile Pádraig ag tacú leis an diaspóra, le trádáil agus leis an gcaidreamh cultúrtha. Ar an mbonn céanna, is minic a thaistealaíonn airí Albanacha chuig Éirinn le haghaidh gnó rialtais agus glacann siad páirt i Suipéir Burns agus imeachtaí le haghaidh Lá Fhéile Aindriú. Tacaíonn airí le misin trádála reatha sa dá threo freisin.

Oibríonn státseirbhísigh le chéile i gcomhthéacs Chomhairle na Breataine-na hÉireann, agus i gcaitheamh gnó déthaobhach. Idir a bheith ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le láithreáin oidhreachta domhanda UNESCO agus saineolas ar an gcaomhnóireacht a roinnt, comhar ar thionscnaimh chúnaimh forbartha sa Mhaláiv agus fadhbanna inár n-earnálacha sláinte a réiteach le chéile, níl aon dabht go bhfuil caidreamh oibre láidir agus éifeachtach idir Éire agus Albain agus leanfaidh an caidreamh sin ag fás. Rinneadh neart de na naisc sin a éascú trí rannpháirtíocht an dá thír i gcláir de chuid an Aontais Eorpaigh, agus tá tiomantas comhroinnte ann chun leanúint ar aghaidh ag forbairt caidrimh oibre láidre. Ag oibriú le comhpháirtithe amhail



An tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn agus Ken Macintosh, Oifigeach Ceannais Pharlaimint na hAlban, agus iad ag bualadh lena chéile i bParlaimint na hAlban, 2016.
© Áras an Uachtaráin

CivTech Alliance, d'éirigh linn luach a sheachadadh mar thoradh ar ár dtiomantas le réitigh nuálacha ar dhúshláin a roinnimid inár n-earnálacha poiblí a chur chun cinn, agus tá feidhmiú na dteicneolaíochtaí digiteacha agus anailísíochta sonraí ina shampla de sin.

Mar aon le hAmbasáid na hÉireann, Londain, tá Ard-Chonsalachtaí ag Éirinn i nDún Éideann agus in Caerdydd, agus fógraíodh plean le déanaí chun Ard-Chonsalacht nua a oscailt i dTuaisceart Shasana. Oibríonn Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann ar raon leathan saincheisteanna in Albain, lena n-áirítear tacú le saoránaigh agus diaspóra na hÉireann, ag cur leasanna cultúrtha agus geilleagracha na hÉireann chun cinn, agus rannpháirtíocht le Parlaimint na hAlban, Rialtas na hAlban agus Oifig na hAlban.

Tá oifigí ionadaíochta ag Albain i roinnt suíomhanna ar fud an domhain. Agus iad bunaithe in Ambasáid na Breataine, osclaíodh Oifig Rialtas na hAlban in Éirinn in 2016, agus oibríonn sí chun naisc thrádála agus infheistíochta, caidreamh idir an dá rialtas, comhoibriú cultúrtha, agus comhar geilleagrach, acadúil agus nuálaíochta a chur chun cinn.

## Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn

Rialaigh Coiste Stiúrtha ar a raibh oifigigh shinsearacha ón dá rialtas próiseas an athbhreithnithe dhéthaobhaigh. Leanfaidh an coiste seo ag déanamh maoirseachta ar chur chun feidhme mholtaí na tuarascála seo sa bhealach céanna. Gheobhaidh an Coiste Stiúrtha nuashonruithe ó ranna rialtais agus ó ghníomhaireachtaí eile faoina n-obair ábhartha, agus rachaidh siad i gcomhairle le comhpháirtithe seachtracha. Tiocfaidh siad le chéile dhá uair in aghaidh na bliana agus beidh siad freagrach don Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i mBaile Átha Cliath agus do Rúnaí na Comh-aireachta do Ghnóthaí Seachtracha i nDún Éideann, agus casfaidh siad le chéile ar bhonn bliantúil chun dul chun cinn a athbhreithniú agus aontú ar mholtaí nua le haghaidh tuilleadh comhair go dtí 2025.



Ardeaglais Theampall Chríost, Baile Átha Cliath, Lá Fhéile Aindriú, 2019.
© Peter Varga

## Cás-staidéar – Fóram Sláinte na hAlban-na hÉireann

Ón mbliain 2017 i leith, chruthaigh Fóram Sláinte na hAlban-na hÉireann deis le haghaidh oifigigh shinsearacha shláinte in Éirinn agus in Albain foghlaim le chéile, díriú ar an bhfoghlaim sin trí chórais agus seirbhísí a chur i gcomparáid lena chéile, foghlaim ó dhea-chleachtas an pháirtithe eile agus feidhmiú mar chairde criticiúla nuair atáthar ag dul i ngleic le dúshláin choitianta. D'éirigh go hiontach leis an bhFóram agus bhí tiomantas comhroinnte do chumarsáid oscailte ar fhaisnéis agus smaointe, plé maidir le saincheisteanna deartha agus seachadta, agus comhar nuair atá deiseanna comhair le fáil, mar thoradh ar an rath sin. Dhírigh obair an Fhóraim ar an méid seo a leanas:

1. Sláinte an Phobail agus Feabhsú Sláinte
2. Sábháilteacht na nOthar
3. Sonraí, Cúrsaí Digiteacha, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht
4. Rochtain, Sruth, Feabhsú Luacha agus Éifeachtúlachta
5. Comhtháthú Seirbhíse agus Córas

Cé gur cuireadh cosc ar mhalartú trí mhí a beartaíodh d'oifigigh shinsearacha le hoibriú i gcóras sláinte an pháirtí eile mar gheall ar COVID-19, bhí comhghleacaithe sláinte in ann an caidreamh oibre a forbraíodh eatarthu san Fhóram a úsáid chun dul i ngleic leis na dúshláin chomhroinnte le chéile i gcaitheamh na paindéime. I measc na samplaí is suntasaí den obair sin tá an dlúth-theagmháil a rinneadh maidir le réitigh dhigiteacha chun seirbhísí nua a sheachadadh laistigh de chúpla seachtain agus ní i míonna ná blianta mar a beartaíodh i dtosach. Roinn oifigigh Éireannacha a dtaithí ar fhorbairt agus seoladh na hAipe Rianaire le haghaidh COVID, agus chuir oifigigh Albanacha tacaíocht ar fáil agus roinn siad a n-eolas ar 'Attend Anywhere', ardán a ghlac Éire leis le haghaidh comhairliúcháin chliniciúla físe.

Is samhail iontach é Fóram Sláinte na hAlban-na hÉireann le haghaidh comhar déthaobhach i réimsí oibre eile mar go ndíríonn sé ar dhúshláin chomhroinnte agus ar thorthaí thairbheacha d'othair.

## Moltaí

- Buailfidh an Taoiseach agus Chéad-Aire na hAlban lena chéile ag cruinnithe mullaigh leathbhliantúla Chomhairle na Breataine-na hÉireann, agus cinnteoidh siad go bhfanfaidh a n-airí i ndlúth-theagmháil.
- Mar cheannasaithe ar an gcaidreamh déthaobhach, fanfaidh Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉireann agus Rúnaí Comh-aireachta Gnóthaí Eachtracha na hAlban i dteagmháil leanúnach, agus buailfidh siad lena chéile gach bliain go sonrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar mholtaí an athbhreithnithe seo, agus moltaí nua a chomhaontú.
- Buailfidh Coiste Stiúrtha an Athbhreithnithe Dhéthaobhaigh, ar a bhfuil oifigigh ábhartha shinsearacha ó Roinn Gnóthaí Eachtracha na hÉireann agus Stiúrthóireacht Gnóthaí Eachtracha Rialtas na hAlban, lena chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.
- Tá Albain agus Éire tiomanta go fóill d'fhís agus údarás Chomhairle na Breataine-na hÉireann (BIC), a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/ Bhéal Feirste, agus oibreoidh siad chun feabhas a chur ar an gcomhar trí BIC, nuair is féidir.
- Oibreoidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath le Tithe an Oireachtais (Dáil Éireann agus Seanad Éireann) agus le Parlaimint na hAlban chun tacú le teagmháil mhéadaithe idir parlaiminteoirí, agus rannpháirtíocht traspháirtí inár gcomhobair.
- Leanfaidh oifigigh shláinte na hÉireann agus na hAlban ag obair as lámh a chéile tríd an bhFóram Sláinte agus tabharfaidh siad faoi na poist ar iasacht a pleanáladh roimhe seo ach ar cuireadh moill orthu mar gheall ar COVID-19. Leanfaidh an dá rialtas lena ndea-chomhar ar iarrachtaí dul i ngleic le paindéim COVID-19, ag lorg comhar a rachaidh chun sochar an dá cheann acu sa tasc sin i gcás inar iomchuí.
- Ag cur lenár gcomhoibriú sa Mhaláiv, beidh cómhalartú ag oifigigh Éireannacha agus Albanacha ar shaincheisteanna forbartha idirnáisiúnta in 2021, lena n-áirítear ar bheartas na hÉireann ar an bhforbairt idirnáisiúnta, 'Domhan Níos Fearr', agus an bhéim a chuirtear ar shaincheisteanna a bhaineann le comhionannas inscne, gníomh ar son na haeráide, rialachas agus leis an ngá daonnúil a laghdú ann.



The Kelpies, Falkirk, atá mar chuid de thionscnamh Glasaithe Dhomhanda Thurasóireacht Éireann ar Lá Fhéile Pádraig, 2017.
© Turasóireacht Éireann

# An Caidreamh Gnó agus Geilleagrach

Is comhpháirtithe loighciúla iad Éire agus Albain mar gheall ar chomh gar atá siad dá chéile, an rochtain éasca, an teanga choiteann agus an tseantaithí chultúrtha, ach uaireanta bíonn siad ina n-iomaitheoirí ar son na gcúiseanna céanna freisin.



Aonad Forbartha na hEorpa don Ghaoth Amach ón gCósta, Obar Dheathain.
© Scottish Enterprise/McAteer Photograph

Tháinig méadú leanúnach ar an trádáil idir an dá thír le blianta beaga anuas. Tháinig méadú níos mó ná 44% ar líon na n-easpórtálacha ó chliaint Fhiontraíocht Éireann chuig Albain thar thréimhse 10 mbliana idir 2008 agus 2018. Measann saineolaithe Albanacha gur tháinig meánmhéadú de 4.7% ar easpórtálacha chuig Éirinn in aghaidh na bliana idir 2013 agus 2017, rud a chiallaíonn go raibh Éire ar an séú margadh ba mhó le haghaidh easpórtálacha na hAlban in 2018.

Leagadh béim sna freagraí a fuarthas ar an athbhreithniú ar an dea-chaidreamh atá ann cheana féidir idir Éire agus Albain ó thaobh cúrsaí geilleagracha de agus léiríodh go bhfuil féidearthachtaí le haghaidh fás suntasach sa réimse seo. Is sna tionscail chomhroinnte atá mar bhonn taca faoin dá gheilleagar atá na féidearthachtaí sin le fáil. Is iad tógáil, innealra talmhaíochta, fuinneamh in-athnuaite, bia agus deochanna, sláinte dhigiteach, agus seirbhísí airgeadais na hearnálacha a mbaineann an líon is mó féidearthachtaí leo. Is meascán de chorparáidí ilnáisiúnta agus FBManna atá le fáil sa trádáil idir Éire agus Albain.

Tá scóip ann chun foghlaim agus gníomhaíocht chomhoibríoch a mhéadú chun ár gcomhar eacnamaíoch a fheabhsú sna réimsí seo, go háirithe maidir le fuinneamh in-athnuaite. Roinneann Éire agus Albain roinnt buntáistí suntasacha tíreolaíochta a chuirfeadh ar a gcumas a bheith ina gceannródaithe domhanda sa teicneolaíocht ghaoithe, taoide agus tonnta.

Léiríodh comhar láidir sa chaidreamh eacnamaíoch le blianta beaga anuas. Sa bhliain 2018, stiúir Fiontraíocht Éireann an misean trádála ba mhó dá chuid chun na hAlban, rud a léirigh go n-aithníonn siad na deiseanna atá ann in Albain le haghaidh cuideachtaí Éireannacha. Sheol Albain sé mhisean trádála chun na hÉireann sa bhliain chéanna agus ghlac 60 cuideachta páirt iontu. In 2019, tháinig 16 chuideachta Albanacha chun na hÉireann ar mhisean trádála a stiúir Airí rialtais agus iad ag díriú ar réimsí a bhaineann le teicneolaíocht an airgeadais agus réimsí gaolmhara in Éirinn.

Tarlaíonn comhar ag leibhéal réigiúnach freisin. Tá gníomhaireachtaí réigiúnacha forbartha Éireannacha agus Albanacha ag oibriú le chéile chun ‘Co-Innovate – The Innovations Pathway programme’ a chur chun feidhme. Is clár Eorpach Interreg é seo a dhíríonn ar líon na FBManna a ghlacann páirt i dtionscadail taighde trasteorann agus trasnáisiúnta a mhéadú.

## Onnmhairí

**372**

**cuideachta Fhiontraíocht Éireann** a fhostaíonn níos mó ná 22,000 duine in Éirinn agus a d'easpórtáil ní ba mhó ná **€253 milliún chun na hAlban in 2018.** (Fiontraíocht Éireann).



**Is í Éire an páirtí trádála idirnáisiúnta is giorra d'Albain** agus an 6ú margadh easpórtálacha is mó de chuid na hAlban. D'easpórtáil Albain earraí agus seirbhísí dar luach **£1.235bn go hÉirinn in 2018.** (Staidrimh Easpórtálacha na hAlban).




## Malartú


In 2018, ghlac **56 cuideachta** is cliaint páirt sa **mhisean trádála ba mhó de chuid Fhiontraíocht Éireann chun na hAlban.** (Fiontraíocht Éireann).

In 2018, bhí **6 mhisean trádála ó Albain chun na hÉireann** agus bhí ní ba mhó ná **60 cuideachta** rannpháirteach iontu. (Oifig Rialtas na hAlban, Baile Átha Cliath)



## Fás

Tháinig **méadú níos mó ná 44%** ar líon easpórtálacha chliant **Fhiontraíocht Éireann chuig Albain** in imeacht 10 mbliana idir 2008 agus 2018. Tháinig **meánfhás 4.7%** in aghaidh na bliana ar **easpórtálacha Albanacha chun na hÉireann** idir 2013 agus 2017. (Fiontraíocht Éireann agus Staidreamh Easpórtálacha na hAlban).



Is iomaitheoirí nádúrtha iad Albain agus Éire i dtaca leis an margadh turasóireachta idirnáisiúnta, agus tá tionchar suntasach ag an earnáil sin ar an dá gheilleagar. I bhfianaise an tionchar ollmhór, nach bhfacthas riamh cheana, a bhí ag COVID-19 ar thaisteal idirnáisiúnta, agus na pobail Éireannacha agus Albanacha a bhíonn ag brath go mór ar thurasóireacht, tá an dá rialtas tiomanta don turasóireacht a chur san áireamh san obair leanúnach a dhéanaimid le chéile ar chúrsaí geilleagrach.

## Ag Féachaint ar Aghaidh

Tá an dá rialtas ag díriú ar an dúshlán a bhaineann le téarnamh ó COVID-19 atá inbhuanaithe agus a ghineann fás glas, fad is a chosnaíonn sé agus a chruthaíonn sé poist mhaithe, a spreagadh. Leagann cóngaracht an dá thír dá chéile, na buntáistí a chuirtear ar fáil mar chuid den Chomhlimistéar Taistil, na ceangail dhoimhne atá ann cheana féin agus na dúshláin chomhchoiteann a roinnimid, béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcaidreamh eacnamaíoch idir Éire agus Albain, agus an gá atá ann le comhar a fheabhsú agus le borradh a chur faoi na deiseanna trádála atá ag méadú. Ag oibriú le raon leathan comhpháirtithe sna blianta beaga amach romhainn, beidh scóip ann chun foghlaim agus gníomhaíocht chomhoibríoch a mhéadú le tacú le comhar eacnamaíoch sna réimsí sin, go háirithe comhar ar fhuinneamh in-athnuaite agus nuálaíocht dhigiteach.

## Cás-Staidéir

**Is Sainchomhairleoireacht Sábháilteachta, Chomhshaoil agus Innealtóireachta Albanach é Mabbett** ar bronnadh neart conarthaí móra Éireannacha orthu, i ndiaidh dóibh a bheith páirteach i misean trádála chun na hÉireann in 2018. D'éirigh leo tairiscint a chur isteach agus conradh ilbhliantúil a fháil ansin le Bord Bia na hÉireann le pleananna inbhuanaitheachta Origin Green a fhíorú, chun oibriú le níos mó ná 300 cuideachta bia agus deochanna Éireannach go dtí seo, i gcomhar le Environmental Efficiency, atá lonnaithe i mBré, agus ní bheadh siad in ann é sin a dhéanach murach na ceangail a chruthaigh siad ar an misean sin. Tá Mabbett lánbhunaithe ar mhargadh na hÉireann anois tar éis ní ba mhó conarthaí a fháil le gníomhaireachtaí eile san earnáil phoiblí in Éirinn amhail Bord Iascaigh Mhara (an Ghníomhaireacht a phléann cúrsaí Forbartha Iascaigh in Éirinn) agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá Mabbett cláraithe chun tacú le cuideachtaí Éireannacha trí Green Business Offer (GreenStart agus GreenPlus) de chuid Fhiontraíocht Éireann, ag tacú faoi láthair le cuideachtaí bia agus deochanna le tionscadal córas bainistithe fuinnimh ISO 50001.

Leanann Mabbett ar aghaidh ag forbairt caidreamh agus deiseanna le haghaidh tionscadal le cuideachtaí bia agus deochanna, monaraíochta agus innealtóireachta, ag cuidiú leo a bhfeidhmiú comhshaoil, comhlíonadh dlí, inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Bhí Geraldine Boylan, Stiúrthóir Comhshaoil in Mabbett, ina ceannródaí ar an gcaoi a dtógtar ceangail sa gheilleagar ciorclach, ag roinnt an taithí a fuair sí ó thionscadail a sheachadadh in Albain. Mhéadaigh Mabbett a rannpháirtíocht in Éirinn le déanaí, ag comhoibriú le cuideachtaí agus páirtithe leasmhara ar nós West Lothian Chamber, South Dublin Chamber agus Údarás na Gaeltachta (an Ghníomhaireacht atá freagrach as Forbairt na Gaeltachta) go háirithe, agus bhunaigh siad oifig sa Nás le cinntiú go mbeidh siad in ann leanúint ar aghaidh ag roinnt dea-chleachtas i réimse an fhuinnimh agus an chomhshaoil amach anseo, rud a rachaidh chun leasa na hÉireann agus na hAlban.



Mabbett, sainchomhairleoireacht sábháilteachta, chomhshaoil agus innealtóireachta Albanach.
© Mabbett

**XOCEAN:** Bunaíodh XOCEAN sa bhliain 2017 agus is cliant Gnólacht Nuathionscanta Ard-Acmhainneachta (HPSU) de chuid Fhiontraíocht Éireann iad. Bhí an-rath ar a gcuid oibre, bunaithe ar theicneolaíocht cheannródaíoch a mheasc siad lena saineolas teicniúil domhain, agus chomhoibrigh siad le cuideachtaí ceannródaíocha Albanacha, lena n-áirítear SSE, ag tacú le cáblaí gaoithe amach ón gcósta agus faoin bhfarraige. Ghlac an chuideachta páirt i misean trádála Fhiontraíocht Éireann chun na hAlban in 2018 agus d'fhreastail siad ar imeachtaí amhail 'SPE Offshore Europe' in Obar Dheathain.



Soithí Barr Uisce gan Foireann de chuid XOCEAN agus iad ag feidhmiú amach ón Eilean Sgitheanach, Albain.
© XOCEAN

Cuireann XOCEAN seirbhísí bailiúcháin sonraí ar fáil do shuirbhéirí, cuideachtaí agus gníomhaireachtaí ag úsáid soithí barr uisce gan foireann (USV). Tá mapáil ghrinneall na farraige agus monatóireacht ar an gcomhshaol i measc na seirbhísí a chuireann XOCEAN ar fáil, táirgeann siad réiteach atá sábháilte, tíosach agus neodrach ó thaobh an charbóin de chun sonraí aigéin a bhailiú trína n-ardán, ag cinntiú gur féidir le náisiúin chósta, amhail Éire agus Albain, an acmhainn nádúrtha luachmhar seo a chosaint agus leas a bhaint aisti. Áirítear iniúchtaí ar phíblínte le haghaidh cuideachtaí amhail BP, Shell agus TOTAL agus suirbhéanna bataiméadracha ar chósta na hAlban do MCA (an Ghníomhaireacht Mhuirí agus Garda Cósta) san obair chósta a dhéanann XOCEAN in Albain.

## Moltaí

» Tacóidh an dá rialtas le líonraí ábhartha gnó-le-gnó ina gcuid oibre chun naisc phearsanta agus ghnó a thógáil idir Albain agus Éire.

» Oibreoidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath lenár ngníomhaireachtaí eacnamaíocha, comhlachais tráchtála, údaráis áitiúla, agus Comhlachas Tráchtála na Breataine-na hÉireann chun réimse imeachtaí agus gníomhaíochta a chur ar siúl a dhéanfaidh na rudaí seo a leanas:

- Díreoidh siad ar na dúshláin chomhroinnte – go háirithe do FBManna – a eascraíonn as COVID-19.
- Comhroinnfidh siad na ceachtanna a foghlaimíodh agus soláthróidh siad deiseanna le haghaidh naisc fheabhsaithe gnó-le-gnó.
- Cinnfidh siad an chaoi ar mian leis an bpobal gnó níos forleithne go bhforbróidh an caidreamh déthaobhach i ndiaidh COVID-19 agus sa chomhthéacs athraitheach idirnáisiúnta.

» In 2021, agus muid ag obair le raon leathan gnólachtaí agus comhpháirtithe rialtais áitiúil, an tAonad Faisnéise Rialtais Áitiúil san áireamh, díreoimid ar dhúshláin choiteanna agus ar cheachtanna a foghlaimíodh do FBManna i margaí intíre agus easpórtála, agus ar iarrachtaí rialtais áitiúil agus gnólachtaí tacaíocht a chur ar fáil do láir bhailte inbhuanaithe agus iad a atógáil.

» Comhóstálfaidh an dá rialtas comhdháil trádála, faoi stiúir Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath, chun tuairimí a chloisteáil ó réimse leathan páirtithe leasmhara, ina measc eagraíochtaí ionadaíocha gnó, comhlachais tráchtála, agus páirtithe leasmhara fiontair eile.

» In 2021, tacóidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath le foirmiú Thascfhórsa Trádála na hAlban-na hÉireann. Déanfaidh an Tascfhórsa teagmháil leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun forbairt caidreamh trádála idir Éire agus Albain a chur chun cinn. Déanfar formáid agus sainchúram an Tascfhórsa a shocrú i ndiaidh comhairliúchán le gníomhaireachtaí trádála, ionadaithe ón tionscal agus comhlachais tráchtála.

» Comhoibreoidh Éire agus Albain ar thaighde maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite eischósta agus ar iad a fhorbairt, chun a chur ar chumas na dteicneolaíochtaí sin a bheith in-imscartha ar bhonn tráchtála, go háirithe sna ceantair ina bhfuil fuinneamh gaoithe agus tonnta ar snámh.

» Rachaidh Éire i dteagmháil le Rialtas na hAlban maidir lena chur chuige i leith gheilleagar na folláine agus an aistrithe chóir i mbeartas um an Athrú Aeráide.

» Óstálfaidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath imeachtaí dírithe gnó agus trádála, agus beidh seóthaispeántais bhliantúla ann dírithe ar Lá Fhéile Pádraig agus Lá Naomh Aindrias.

# Pobal agus Diaspóra

Tá dlúthcheangal idir stair mhuintir na hÉireann agus mhuintir na hAlban, agus is iomaí foirm a bhaineann lenár scéalta imirce ag tréimhsí éagsúla. Is meabhrú buan iad na logainmneacha agus na sloinnte sa dá thír ar ár stair fite fuaite agus ar an todhchaí chomhroinnte atá amach romhainn.


Tá neart de dhiaspóra na hÉireann agus na hAlban lonnaithe sna suíomhanna céanna, cuir i gcás, SAM, Ceanada, an Astráil agus an Nua-Shéalainn. Tá ceangail níos dlúithe fiú idir diaspóra an dá thír i suíomhanna ar leith, agus tá siad sonrach mar gheall ar an oidhreacht a roinneann siad, mar shampla san Albain Nua, áit a roinntear aitheantas Gealach atá bunaithe ar an teanga, nó trí oidhreacht na hUltaise, atá le feiceáil go follasach i SAM. Déantar Cluichí na nGarbhchríoch a cheiliúradh i Meiriceá Thuaidh agus glacann daoine de shliocht na hAlban agus na hÉireann páirt iontu go díograiseach agus is minic a dhéanann an dá dhream iad a cheiliúradh le chéile. Tá féidearthacht ann le tuiscint níos leithne a fhorbairt ar an oidhreacht sin a roinnimid, ag tógáil ar an obair a rinne Ard-Chonsail na hÉireann le déanaí i mBostún agus in Atlanta.

Tá traidisiún seanbhunaithe ag Éirinn ar rannpháirtíocht leis an diaspóra ar fud an domhain. Is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha a stiúrann an ghníomhaíocht sin agus ceapadh an chéad Aire Gnóthaí Diaspóra sa roinn in 2014. Téann Albain i ngleic lena diaspóra domhanda féin trí GlobalScot – líonra domhanda de níos mó ná 800 saineolaí agus ceannaire gnó fiontraíochta agus spreagúil. Úsáideann na gairmithe sin a gcuid scileanna, taithí agus ceangal chun tacú le fás agus forbairt gnóthaí Albanacha. Anuas ar thacú agus oibriú go díreach le gnóthaí Albanacha, tugann go leor craobhacha GlobalScot faoi ghníomhaíochtaí chun tacú le hobair idirnáisiúnta na hAlban.



Sara Sheridan, Catriona Logan, Margot McCuaig, agus Louise Bruton (C-D) agus iad ag caint ag ceiliúradh Lá Fhéile Bríde 2020, Leabharlann na mBan, Glaschú.
© Ard-Chonsalacht na hÉireann, Dún Éideann/Brian Sweeney

Tagann **diasporáí na hÉireann agus na hAlban** le chéile sna Stáit Aontaithe, áit a bhfuil níos mó ná **3 mhilliún duine** bródúil a rá gur de bhunadh na hAlban-na hÉireann iad. (sonraí daonáirimh na Stát Aontaithe, 2015)



Ar fud na cruinne, maíonn **70 milliún duine gur de bhunadh na hÉireann iad** (an Roinn Gnóthaí Eachracha) agus **maíonn 50 milliún duine gur de shliocht na hAlban iad.** (Taifid Náisiúnta na hAlban).

Creideann **63%** de dhaoine a d'fhreagair an ceistneoir go bhfuil ceangail **phobail agus diaspóra** an-tábhachtach don chaidreamh seo.

Ba é **Baile Átha Cliath an chéad mhol nuálaíochta agus infheistíochta de chuid Rialtas na hAlban,** agus láithreacht ag Rialtas na hAlban ann dá dhiaspóra ó bhí 2016 ann.

Bhí beagnach **30,000 saoránach Éireannach ina gcónaí in Albain** in 2011. (Sonraí daonáirimh na Ríochta Aontaithe, 2011).

Léiríodh i bhfreagraí a fuarthas ar an gceistneoir ar líne go gcuireann ionadaithe ón dá phobal – pobal na hAlban atá ina gcónaí in Éirinn agus pobal na hÉireann atá ag cur fúthu in Albain – an tsuim chéanna i mbualadh lena chéile trí imeachtaí atá dírithe ar an diaspóra. Tá spéis ag an dá phobal a bheith rannpháirteach ar bhealach níos gníomhaí.

Leanann flúirse eagraíochtaí pobail sa dá thír a bheith ag tacú agus ag saibhriú shaol na bpobal diaspóra seo faoi seach, agus ag cur cúrsaí cultúrtha agus traidisiúin spóirt na hAlban agus na hÉireann chun cinn. Baineann an tá thír leas as imeachtaí bliantúla ina ndéantar cultúr agus oidhreacht a cheiliúradh, amhail Lá Fhéile Aindriú, Lá Fhéile Pádraig, Suipéar Burns agus Lá Fhéile Bríde, chun caidrimh nua a chruthú, tallann a thaispeáint, agus for-rochtain an phobail a fhorbairt. Thaibhigh ealaíontóirí ó Live Music Now Scotland ag imeachtaí oifigiúla agus ag cuairteanna chuig tithe cúraim, scoileanna agus suíomhanna ospíse i mBaile Átha Cliath le blianta beaga anuas.

Cothaíonn craobhacha de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann in Albain traidisiúin ceoil na hÉireann agus is minic a dhéanann siad na traidisiúin sin a roinnt le pobail diaspóra eile. Is amhlaidh an scéal maidir le scoileanna don rince Gaelach in Albain, agus ar fud an domhain; meallann siad daoine ó go leor cúlraí éagsúla chuig an bhfoirm ealaíne seo. Tarraingíonn gníomhaíochtaí spleodracha teanga agus Ciorcail Comhrá i nGlaschú agus i nDún Éideann cainteoirí agus foghlaimeoirí ag a bhfuil cumas measctha le sult a bhaint as an nGaeilge a labhairt. Tá Causeway Ireland Scotland Business Exchange gníomhach in Albain, in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, ag cruthú ceangal sa ghnó idir ár ndiaspóra, agus cuireadh éagsúlacht leis an líonra anois le líonra le haghaidh gairmithe óga agus clár meantóireachta.

Bunaíodh Dublin Scottish Benevolent Society of St Andrew ar Lá Fhéile Aindriú in 1831 agus é ar cheann de na cumainn diaspóra is sine de chuid na hAlban ar fud an domhain. Bunaíodh an cumann i dtosach "for the relief of indigent and distressed natives of Scotland in Dublin," ach tá ról ríthábhachtach ag an gcumann anois ag cothú cairdis idir muintir na hAlban in Éirinn, ag ceiliúradh chultúr agus fhéilte bliantúla na hAlban, agus ag cur tuiscint ar chultúr na hAlban chun cinn in Éirinn.



Ceoltóirí ó Live Music Now Scotland! agus iad ag taibhiú ag ócáid a d'óstáil Rialtas na hAlban ar Lá Fhéile Aindriú i mBaile Átha Cliath.
© Peter Varga

Tá meascán mearaí d'eagraíochtaí pobail seanbhunaithe le haghaidh mhuintir na hÉireann in Albain, ach ní raibh ach rannpháirtíocht teoranta ann le Clár Tacaíochtaí Imirceach Rialtas na hÉireann. Tugtar le fios sna tuairimí a cuireadh in iúl sa cheistneoir ar líne go mbeadh dúil ag daoine i níos mó rannpháirtíochta sna spóirt agus sna healaíona, ag léiriú go bhfuil todhchaí inbhuanaithe ann le haghaidh eagraíochtaí Éireannacha in Albain.

Chuidigh comhpháirtíocht rathúil CLG na hAlban le West Dunbartonshire Council, Sport Scotland, agus clubanna áitiúla le maoiniú suntasach a fháil le clubtheach agus páirceanna úrscothacha a thógáil ag Clydebank Community Sports Hub. Is bunáit chomhroinnte é an tsaoráid phobail ionchuimsitheach seo do na cluichí Gaelacha, rugbaí agus Taecuando. Is sampla den chéad scoth é sin den bhealach ar féidir le heagraíochtaí pobail agus diaspóra oibriú le comhpháirtithe chun a dtodhchaí féin a dhaingniú agus a n-oidhreacht a roinnt.

## Ag Féachaint ar Aghaidh

Díreoidh na rialtais ar cheachtanna a fhoghlaim agus dea-chleachtas a mhalartú. Oibreoidh Rialtas na hAlban, mar shampla, le comhghleacaithe Éireannacha atá i gceannas ar ghnóthaí diaspóra le measúnú a dhéanamh ar cad is féidir a fhoghlaim ó thaithí na hÉireann. Tá scóip ann le haghaidh níos mó malartuithe agus níos mó comhpháirtíochtaí idir eagraíochtaí diaspóra éagsúla.

## Cás-staidéar

Sa bhliain 2018, ghlac Omagh Protestant Boys Melody Flute Band páirt sa 195ú Paráid le haghaidh Lá Fhéile Pádraig in Savannah mar thoradh ar chomhpháirtíocht idir Ard-Chonsalacht na hÉireann in Atlanta, Biúró Thuaisceart Éireann in Washington agus Gníomhaireacht na hUltaise. Ba é sin an chéad uair a ghlac banna máirseála traidisiúnta Ultaise páirt i bparáid mhór i SAM le haghaidh Lá Fhéile Pádraig. Bhí siad in ann é sin a dhéanamh mar thoradh ar an gcuireadh a fuair siad ón gCoiste le haghaidh Paráid Lá Fhéile Pádraig in Savannah agus tacaíocht a fuair siad ó eagraíochtaí pobail Albanacha agus Éireannacha áitiúla. Thosaigh an banna iontach seo, a bhfuil 30 ceoltóirí ann, a gclár le taibhiú ag Séipéal Neamhspleách na bPreispitéireach, Savannah, áit ar críochnaíodh an chéad Pharáid Lá Fhéile Pádraig riamh sa bhliain 1813, agus thaibhigh siad ag seoladh taispeántais ar oidhreacht na hAlban agus na hÉireann atá le fáil in Savannah ansin. Bhuaigh an banna an gradam don bhanna is fearr agus d'éirigh leo spás a fháil ar an leathanach tosaigh den nuachtán áitiúil le tuairisc ar a dtaibhiú ag an bparáid. Shiúil ionadaithe Rialtas na hÉireann, Bhiúró Thuaisceart Éireann, Ghníomhaireacht na hUltaise, agus Ard-Chonsal na Breataine, atá ina Albanach, taobh leis an mbanna. Scaip Gníomhaireacht na hUltaise an scéal seo trí chraoltaí ar BBC Raidió Uladh ansin. Choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht clár faisnéise freisin, "From Ulster to Savannah," clár a cuireadh ar scáileáin ar an dá thaobh den Aigéan Atlantach le tacaíocht ó chomhpháirtithe éagsúla.




Maor na nDrumaí, Stacey Connor, agus í ag stiúradh Omagh Protestant Boys Melody Flute Band i bParáid Lá Fhéile Pádraig, Savannah, 2018. © Gníomhaireacht na hUltaise

## Moltaí

- Reáchtálfaidh Éire agus Albain dhá imeacht comhroinnte diaspóra agus oidhreachta in Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada in 2021, i gcomhar le líonra oifigí Rialtas na hAlban i Meiriceá Thuaidh.
- Tabharfaidh an Ard-Chonsalacht i nDún Éideann faoi fheachtas feasachta in Albain chun rannpháirtíocht i gClár Tacaíochtaí Imirceach Rialtas na hÉireann a mhéadú.
- Cuirfidh Oifig Rialtas na hÉireann i mBaile Átha Cliath tuilleadh lena teagmháil le diaspóra na hAlban in Éirinn, agus lena naisc leis, trína clár d'imeachtaí féile geimhridh.
- Leathnóidh an Ard-Chonsalacht i nDún Éideann an ceiliúradh ar Lá Fhéile Bríde gach bliain ar fud na hAlban i ndiaidh an imeachta rathúil a reáchtáladh in 2020 i Leabharlann na mBan i nGlaschú.
- Fiosróidh Albain taithí beartais diaspóra na hÉireann, agus foghlaimeoidh sí uaithi, trí theagmháil a dhéanamh le hAonad na nÉireannach Thar Lear de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha i mBaile Átha Cliath agus le cuir chuige éagsúla mhisin taidhleoireachta na hÉireann.
- Tacóidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha le himeacht Donegal Connect Chomhairle Contae Dhún na nGall i nGlaschú, atá beartaithe do 2021.



Cluiche Peile Gaelaí na mBan in ollscoil ag Lá Chultúr agus Oidhreacht na hÉireann 2017, Cumann Cruicéid na Gráinsí, Dún Éideann – arna óstáil ag Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann, Conradh na Gaeilge Glaschú, agus CLC na hAlban.
© Ard-Chonsalacht na hÉireann/Leo Paredes Photography

# Cultúr

Idir an seanchultúr agus an cultúr comhaimseartha, aithnítear go ríshoiléir an luach a bhaineann leis an gcultúr i saol mhuintir na hAlban agus muintir na hÉireann, sa bhaile agus i gcéin. Tarraingíodh aird ar an tábhacht sin mar thoradh ar an leibhéal ard rannpháirtíochta sa phróiseas athbhreithnithe, agus díríodh an chuid ba mhó den fhócas sin ar na healaíona, an teanga agus an spórt.



Féile Idirnáisiúnta Leabhar Dhún Éideann, Gairdíní Chearnóg Charlotte.
© Féile Idirnáisiúnta Leabhar Dhún Éideann

Tá comhoibriú fós ag dul i méid sa dá dhlínse i réimsí an chultúir, na hoidhreachta agus an spóirt. Is samplaí iad an comhoibriú idir Showcase Scotland agus Tradfest, agus an dlúthchaidreamh oibre idir Cultúr Éireann agus na Féilte a reáchtáiltear i nDún Éideann, ar an éascaíocht a bhaineann le comhoibriú san earnáil seo agus léiríonn sé an bealach ar féidir comhoibriú lena chéile gan aon iomaíocht, ag cothú na cruthaitheachta agus ag neartú an chaidrimh dhéthaobhaigh.

Tá ceangail láidre idir oifigigh agus airí sna tionscail chruthaitheacha freisin, agus san earnáil oibre 'Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana' de chuid Chomhairle na Breataine-na hÉireann. Buaileann ár n-oifigigh le chéile uair amháin sa ráithe faoi chlár oibre débhliantúil, roimh chruinniú na n-airí.


Is buncheangal é Colm Cille, nó Columba, idir Éire agus Albain. Ní hamháin go raibh tionchar eaglasta aige – scaip Albanaigh an tionchar sin i gCeanada agus ní b'fhaide i gcéin nuair a chuaigh siad ar imirce – ach tá a oidhreacht san fhoghlaim, san ealaín agus sa mhaoin intleachtúil le feiceáil i go leor áiteanna eile lasmuigh d'Éirinn agus Albain. Tá comhpháirtíocht ag Bòrd na Gàidhlig agus Foras na Gaeilge, gníomhaireachtaí teanga na hAlban agus na hÉireann, a dtugtar Colmcille uirthi, agus tá siad ag cur comhpháirtíocht chultúrtha idirnáisiúnta mar aon le comóradh ar 1500 bliain ó bhreith Cholmcille in 2020-21 chun cinn.

Léirítear a shean agus atá na ceangail idir an dá thír sna séadchomharthaí ón Tréimhse Neoiliteach, lena n-áirítear na tuamaí ag Maeshowe agus Brú na Bóinne. Leantar leis na ceangail sin sa lá atá inniu ann san obair atá i mbun chun na Láithreáin Oidhreachta Domhanda UNESCO sin a chaomhnú, a chur chun cinn agus a roinnt le cuairteoirí. Is sampla iontach d'Éirinn é an cás-staidéar a rinne Historic Environment Scotland (HES) ar 'Heart of Neolithic Orkney' mar Láithreán Oidhreachta Domhanda don Innéacs um Leochaileacht Chomhshaoil agus tá flúirse taithí ag an dá thír sa réimse seo ar féidir leo a roinnt go hidirnáisiúnta.

Baineann ár seandálaithe tairbhe as an gcomhpháirtíocht straitéiseach seo trí mheamram tuisceana ar chomhar maidir le beartas agus dea-chleachtas atá i bhfeidhm idir an Chartered Institute for Archaeologists (an Ríocht Aontaithe) agus Institiúid na Seandálaithe (Éire), agus oibríonn siad go dlúth lena chéile ar eagraíochtaí

## Féilte

In 2019, bhí **80 seó (thart ar 191 ealaíontóir) ó Éirinn** ag Féile Imill Dhún Éideann i dteannta **26 seó eile (44 ealaíontóir) ó Thuaisceart Éireann.** (Féile Imeall Dhún Éideann).



Tá **3 cinn de na féilte idirnáisiúnta is mó i nDún Éideann**, Féile Idirnáisiúnta Dhún Éideann, Féile Imill Dhún Éideann, agus Féile Ealaíon Dhún Éideann, **faoi stiúir stiúrthóirí Éireannacha** agus **déanann stiúrthóir Albanach comh stiúrthóireacht** ar **Amharclann Náisiúnta na hÉireann.**



## Teanga

Thuairisc **771,811** duine **ar fud na hÉireann go labhraíonn siad an Ghaeilge** lasmuigh den chóras oideachais chomh maith. (Daonáireamh 2016). In 2011, thuairisc **57,600 duine in Albain** gur féidir leo **Gaeilge na hAlban a labhairt**. (Daonáireamh na Ríochta Aontaithe, 2011).




## Oidhreacht

In 2021 beidh **1,500 bliain ann ó rugadh Colm Cille** – fear a chuir go mór **le taifead stairiúil thréimhse mhainistreacha na luathré Críostaí in Éirinn agus in Albain araon.**



Tá **6 Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO** in Albain



St Kilda




Dún Éideann (An Seanbhaile agus an Baile Nua)



The Heart of Neolithic Orkney



New Lanark



Balla Antonine



Droichead Forth

Tá **2 Láithreán Oidhreachta Domhanda** in Éirinn:



Brú na Bóinne



Sceilg Mhichíl



Taibhiú ar an Mound i nDún Éideann le linn Fhéile Imill Dhún Éideann.
© VisitScotland/Kenny Lam

idirnáisiúnta freisin. Tugann The Edinburgh Group comhlachtaí gairmiúla a dhéanann ionadaíocht ar ailtirí, innealtóirí agus suirbhéirí foirgneamh le chéile le hoifigigh Éireannacha agus de chuid na Ríochta Aontaithe agus rialtas déabhlóidithe go leathbhliantúil chun eolas ar oideachas agus cleachtas i gcaomhnú ailtireachta a mhalartú.

Bunaíodh Féile na Meán Ceilteach, atá lonnaithe i nGlaschú, sa bhliain 1980. Is ceiliúradh tionscail ar tháirgeadh teilifíse agus raidió i náisiúin agus réigiúin Cheilteacha atá ann. Tá na ceangail idir Éire agus Albain láidir, go háirithe idir TG4 agus BBC Alba, agus is minic a bhuann comhchláir ardchaighdeáin dá gcuid gradaim as an bhFéile. Léirigh Féile Scannán Ghlaschú agus Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath na seóthaispeántais chéanna le blianta beaga anuas.

I mBealtaine 2019, d'óstáil Oifig Rialtas na hAlban in Éirinn Cruinniú Mullaigh na gCathracha Cruthaitheacha agus ócáid líonraithe, ócáidí a dearadh le ceannairí sna Tionscail Chruthaitheacha agus Chultúrtha a spreagadh i nGlaschú agus i mBaile Átha Cliath lena n-uaillmhianta don todhchaí a roinnt chun ceangail níos dlúithe a thógáil. Leantar leis an obair sa réimse seo agus glacann comhairlí cathrach, institiúidí náisiúnta, ollscoileanna agus gnóthaí páirt inti.

## Ag Féachaint ar Aghaidh

Beidh malartú agus cur chun cinn an chultúir agus na hoidhreachta lárnach sa chaidreamh déthaobhach go fóill. Oibreoidh an dá rialtas lena chéile sa bhliain amach romhainn agus béim leanúnach á cur ar dheiseanna a chruthú dár n-ealaíontóirí agus dár dtaibheoirí, agus chun go mbeidh rath ar ár n-earnálacha cruthaitheacha agus oidhreachta, d'ainneoin na srianta agus dúshlán mór a thagann as an bpaindéim dhomhanda. Oibreoidh Éire agus Albain i gcomhar lena chéile freisin ar thionscadail chultúir le linn na bliana ina ndéanfar ceiliúradh ar 1,500 bliain ó bhreith Cholm Cille.

## Cás-staidéar

I dteannta a chéile, is iad Féile Idirnáisiúnta Dhún Éideann, Féile Idirnáisiúnta Leabhar Dhún Éideann, Féile Imill Dhún Éideann agus Féile Ealaíne Dhún Éideann an tionól domhanda ealaíon agus oidhreachta is mó ar domhan. Tacaíonn Cultúr Éireann le healaíontóirí Éireannacha ag na bhFéilte a reáchtáiltear i nDún Éideann gach Lúnasa, áit a ndéanann siad teagmháil le lucht féachana áitiúil agus domhanda, agus a mbaineann siad cáil idirnáisiúnta agus conarthaí camchuairte amach.

Is comhartha suntasach ratha é d'aon chompántas idirnáisiúnta má roghnaítear é d'Fhéile Idirnáisiúnta Dhún Éideann. I ndiaidh léiriú Druid ar *Waiting for Godot* le Samuel Beckett a fuair ardmholadh in 2018, bhí *Hard to be Soft, A Belfast Prayer* le Oona Doherty ina chomhar suntasach idir Cultúr Éireann, Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann, agus an British Council, ag comhthacú le hobair chompántas de chuid Thuaisceart Éireann i nDún Éideann in 2019.

I measc breis agus 3,000 seó gach bliain, tugtar aird ar ealaíontóirí Éireannacha ag an bhFéile Imill gach bliain. In 2019, bronnadh an gradam Herald Archangel, a mbíonn an-tóir air, ar Pat Kinevane as rannchuidiú leanúnach le Féile Imill Dhún Éideann, agus bhain Gina Moxley gradaim Fringe First agus Herald Angel as a seó *The Patient Gloria*.

Gach Lúnasa i nDún Éideann, óstálann Cultúr Éireann imeacht tionscail a tharraingíonn ealaíontóirí Éireannacha agus láithreoirí féile agus ionaid, agus léiritheoirí agus poiblitheoirí le chéile, chun conarthaí nua camchuairte idirnáisiúnta a chinntiú d'ealaíontóirí Éireannacha ar fud na hEorpa, na Stát Aontaithe, na Nua-Shéalainne agus na hAstráile, chomh maith le stáitsí tábhachtacha sa Bhreatain.

Tá ceannaireacht trí cinn d'Fhéilte Dhún Éideann ina léiriú ar an ndlúthchomhar in earnálacha na n-ealaíon agus an chultúir in Éirinn agus in Albain – is iad sin Féile Idirnáisiúnta Dhún Éideann (Fergus Linehan), Féile Imill Dhún Éideann (Shona McCarthy), Féile Ealaíne Dhún Éideann (Sorcha Crey) – agus tháinig comhstiúrthóirí Amharclann Náisiúnta na hÉireann, Graham McLaren agus Neil Murray, go hÉirinn ó Amharclann Náisiúnta na hAlban.

D'ainneoin an cur isteach de dheasca na paindéime, in 2020 lean Cultúr Éireann lena tiomantas do rannpháirtíocht ealaíontóirí Éireannacha i bhFéile Imill Dhún Éideann agus i bhFéile Idirnáisiúnta Leabhar Dhún Éideann, an uair seo ar líne.



*Hard to be Soft*, A Belfast Prayer le Oona Doherty ag Féile Idirnáisiúnta Dhún Éideann, 2019.
© Luca Truffarelli

## Moltaí

- Maoineoidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath cláreagú comhpháirteach ardleibhéil chun tacú le ceiliúradh 1,500 bliain ó bhreith Choilm Cille (Nollaig 2020-21), chun saothar agus taibhiú comhaimseartha a léiríonn an oidhreacht chomhroinnte idirnáisiúnta seo a chur ar taispeáint.
- Forbróidh Éire agus Albain an comhar struchtúrtha den scoth idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus Historic Environment Scotland (HES), ag díriú go háirithe ar shéadchomharthaí a chosaint ar thionchar an athraithe aeráide, agus forbairt scileanna caomhantais. Éascóidh meabhrán nua tuisceana idir HES agus Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na hÉireann malartú eolais agus comhar struchtúrtha chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide ar ár n-oidhreacht thógtha agus seandálaíochta.
- Oibreoidh Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath le hÉigse Éireann agus Leabharlann Filíochta na hAlban chun clár malartaithe a fhorbairt chun scoileanna agus daoine óga a thabhairt le chéile chun saothar agus taibhiú a chomhchruthú.
- Déanfaidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath ceiliúradh ar chomhléirithe Albanacha-Éireannacha i nGaeilge/nGàidhlig agus i mBéarla mar fhéile teilifíse ar líne i gcomhpháirt le Féile na Meán Ceilteach.




CLG na hAlban roimh an gCluiche Leathcheannais de Chraobhchomórtas Peil Sóisear na hÉireann 2019 in aghaidh Chiarraí ag Mol Pobail Spórt Clydebank, Glaschú.
© Duncolm Sports Photography




Freastalaíonn Cumann Snámha na hÉireann ar fháiltiú chun Craobhchomórtais na hEorpa 2018 a cheiliúradh.
© Paul Sherwood

- Cuirfidh Éire agus Albain leis an gcomhar bliantúil idir Showcase Scotland agus Tradfest chun an chuid is fearr dár dtraidisiúin cheoil a chur chun cinn.
- Tacóidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann le Conradh na Gaeilge chun próifíl a ghníomhaíochta Gaeilge in Albain a ardú.
- Óstálfaidh Ambasáid an hÉireann i Londain agus Scotland House i Londain, gach ré bliain, ceiliúradh bliantúil ar ár ndáimh choiteann chultúrtha.
- Comhóstálfaidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath imeacht in 2021 chun an dea-chleachtas a roinnt maidir leis an rannpháirtíocht agus an ionchuimsitheacht sa spórt.




Tugtar Colmcille, nó Columba, ar an léarscáil seo, agus d'fhorbair Foras na Gaeilge (Éire) agus Bòrd na Gàidhlig (Albain) í dá gcomhpháirtíocht Colmcille. Cothaíonn an chomhpháirtíocht seo cumarsáid agus comhar idir pobail Ghaeilge na hAlban agus Ghaeilge na hÉireann. Is le Collins Bartholomew cartagrafaíocht na léarscáile, tá aghaidh na saighde goirme ó thuaidh, agus tá na logainmneacha i nGaeilge na hAlban agus Gaeilge na hÉireann.
© Foras na Gaeilge/Bòrd na Gàidhlig

# Naisc Acadúla agus Thaighde

Tá Éire agus Albain ar maos i dtraidisiún an oideachais agus na foghlama comhroinnte, ag dul siar go haimsir Naomh Colm Cille, arb é a mhainistir ar Í an chéad lárionad litearthachta sa réigiún.

Tá Ollscoil Naomh Aindrias agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar chuid de na hollscoileanna is sine ar na hoileáin seo, agus bunaíodh iad sa 15ú haois agus sa 16ú haois. Freastalaíonn an Comhlimistéar Taistil ar an dá réigiún, agus dá bhrí sin tá traidisiún ann den dá thír ag óstáil mic léinn agus acadóirí a chéile, agus tá naisc láidre ann idir institiúidí. Tá pobail acadúla saibhrithe agus éagsúlaithe ag an tsoghluaisteacht sin.

Tá oidhreacht chomhroinnte oideachais ina cuid láidir den chaidreamh sin go fóill, agus leanfaidh an comhar Soir-Siar de bheith ina ghné lárnach de chórais acadúla agus taighde na hÉireann agus na hAlban. Tá an comhar sin bunaithe i bpáirt ar chaidrimh phearsanta agus ghairmiúla idir múinteoirí, acadóirí agus taighdeoirí, ach tá cláir éagsúla fhoirmiúla ag freastal air de réir a chéile freisin.

Oibríonn Éire agus Albain le chéile ar an mbunscolaíocht agus ar an meánscolaíocht ar leibhéal oifigiúil. Tagann Príomhfheidhmeannaigh na gcomhlachtaí rialála múinteoireachta in Albain, sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn lena chéile go rialta, agus oibríonn Éire agus Albain i gcomhar a chéile ar rialáil na múinteoireachta, scrúduithe stáit, comhlachtaí cigireachta scoileanna agus forbairt curaclam.



Mainistir Í.
© Visit Scotland/Paul Tomkins



Príomhfhoirgneamh Ollscoil Ghlaschú.
© Ollscoil Ghlaschú

Bhí freagraí ar an gceistneoir ar ábhar na hAcadúlachta agus an Taighde suntasach, mionsonraithe agus nach mór iomlán dearfach. Tá dúil fhollasach ann le haghaidh tuilleadh rannpháirtíochta, ach é maolaithe ag imní faoi chailleadh na rochtana ar chláir mhaoiniúcháin de chuid an Aontais Eorpaigh.

Laistigh de na Daonnachtaí, tá léann Éireannach agus léann Albanach beo bríomhar. In 1999, d'oscail Máire Mhic Giolla Íosa, a bhí ina hUachtarán ar Éirinn an t-am sin, Institiúid Taighde na Léann Éireannach agus Albanach ag Ollscoil Obar Dheathain go hoifigiúil. Bainistíonn an Lárionad um Léann Éireannach Nua i gColáiste na Tríonóide, ar a dtugtaí an Lárionad um Staidéir Chomparáideacha na hÉireann-na hAlban, roinnt tionscadail nasctha taighde i réimsí an léinn Éireannaigh agus an léinn Éireannaigh-Albanaigh. Is sampla eile de chomhar acadúil a thugann scoláirí de chuid na hAlban agus na hÉireann lena chéile chun taighde a fhorbairt i réimse a bhfuil spéis shuntasach ann faoi láthair é Tionscnamh Imirce na hAlban-na hÉireann (SIMI), ar tionscnamh de chuid Ollscoil Dhún Éideann agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é.

Eascraíonn cultúr agus struchtúir chomhchosúla in earnáil an ardoideachais as an traidisiún comhroinnte. Tá sé sin ina chúis le comhar den scoth ag leibhéal acadúil, agus naisc tháirgiúla thaighde. Tá Albain agus Éire i measc an 20 tír is fearr in Incites Essential Science Indicators 2019, agus tá tiomantas láidir acu don nuálaíocht agus do shochaithe eolasbhunaithe a fhorbairt atá in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin náisiúnta agus dhomhanda.

Le déanaí, tugadh faoi an-chuid comhair faoi chreataí taighde de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail Erasmus agus Fís, agus tá fonn láidir ann leanúint le comhar den chineál sin amach anseo. In 2019, d'óstáil Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) cruinniú idir Comhairle Maoiniúcháin na hAlban (SFC) agus Aire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta na hÉireann, chun cainéal cumarsáide a oscailt le haghaidh teagmháil níos foirmiúla idir SFI agus SFC, a mbeidh tábhacht níos mó ag baint leis nuair a athróidh an rochtain ar mhaoiniú de chuid an Aontais Eorpaigh. Freastalaítear ar chomhar SFI le taighdeoirí de chuid na hAlban freisin trí UK Research and Innovation (UKRI) agus trí chomhlachtaí maoiniúcháin eile. Tá fóram maoinitheoirí taighde na Ríochta Aontaithe-na hÉireann comhbhunaithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn (IRC), in éineacht le SFI agus UKRI, chun plé rialta straitéiseach a chumasú.

## Ag Féachaint ar Aghaidh

Oibreoidh an dá rialtas le comhpháirtí ar fud na hearnála seo chun deiseanna a chruthú do thaighde a thacaíonn le gach téama sa tuarascáil seo a fhorbairt. Leanfaidh an dá rialtas ar aghaidh freisin ag cothú deiseanna le haghaidh comhar níos doimhne agus níos struchtúrtha idir institiúidí agus comhlachtaí taighde agus nuálaíochta.



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
© Turasóireacht Éireann

## Cás-staidéar: Boyne to Brodgar

Is líonra d'iarsmalanna, ollscoileanna, saineolaithe neamhspleácha, cumainn, iontaobhais agus údaráis áitiúla, a bhfuil naisc shuntasacha acu le grúpaí pobail, é an tionscnamh Boyne to Brodgar. Is féidir leis tabhairt faoi réimse iomlán gníomhaíochtaí a dhíríonn ar an oidhreacht Neoiliteach mar mhodh chun na naisc idir Albain agus Éire a cheiliúradh agus a threisiú tuilleadh, chun roinnt oidhreachtaí suntasacha a chruthú.

Tá séadchomharthaí Neoiliteacha (ó thart ar 4000 BC go dtí 2500 BC) ina ngné shuntasach d'oidhreacht shaibhir chomhroinnte na hAlban agus na hÉireann. Tá breis agus 1,000 séadchomhartha atá ina seasamh ón tréimhse Neoiliteach in Albain agus in Éirinn, agus baineann tábhacht idirnáisiúnta le roinnt acu, mar Láithreáin Oidhreachta Domhanda san áireamh, ar a dtugann na mílte daoine cuairt gach bliain.



The Ring of Brodgar – cuid de Láithreán Oidhreachta Domhanda Heart of Neolithic Orkney.
© VisitScotland/Kenny Lam

Tá Boyne to Brodgar: Making Monuments, Creating Communities ina thionscadal nuálach, a dhíríonn ar na séadchomharthaí Neoiliteacha ar fud na hAlban, na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Áirítear leo Láithreáin Oidhreachta Domhanda aitheanta Bhrú na Bóinne agus Heart of Neolithic Orkney agus heinsí agus ciorcail adhmaid nach bhfuil an méid céanna clú orthu. Tá an tionscnamh idirnáisiúnta, idirdhisciplíneach agus tresearnála seo comhoibríoch, ionchuimsitheach go sóisialta agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus tá seandálaithe, gairmithe oidhreachta, oideoirí agus grúpaí pobail, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus níos faide i gcéin, mar chuid de.

Tá sé d'aidhm ag Boyne to Brodgar na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Ár dtuiscint ar na séadchomharthaí seo, na daoine a thóg agus a d'úsáid iad, agus a naisc, a fheabhsú, trí thaighde a chothú agus a chur chun cinn.
- Cabhrú le gairmithe oidhreachta beartais agus straitéisí a cheapadh chun na séadchomharthaí seo a fhiosrú, a chaomhnú agus a chur i láthair, agus conairí ceangailte agus inbhuanaithe turasóireachta oidhreachta de shéadchomharthaí Neoiliteacha ar fud na hÉireann agus na hAlban a fhorbairt.
- A chur ar chumas pobal áitiúil a bheith bródúil as a n-oidhreacht réamhstairiúil agus í a chosaint le tionscadail chomhfhorbartha i leith séadchomharthaí Neoiliteacha.

Tá an bhallraíocht neamhfhoirmiúil agus tá na baill seo a leanas sa líonra faoi láthair: an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Ollscoil na nGarbhchríoch agus na nOileán; National Museums Scotland; Ard-Mhúsaem na hÉireann; Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; Historic Environment Scotland; Roinn Pobal Thuaisceart Éireann; Society of Antiquaries of Scotland; German Archaeology Institute; Northlight Heritage; agus Orkney Islands Council.




Sí an Bhrú – tuama pasáiste Neoiliteach atá mar chuid de Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne.
© Turasóireacht Éireann

### Moltaí

- Oibreoidh Rialtas na hAlban agus Rialtas na hÉireann (tríd an Roinn Gnóthaí Eachtracha) i gcomhpháirt leis an Royal Society of Edinburgh (RSE) agus le hAcadamh Ríoga na hÉireann (RIA), chun comhar struchtúrtha taighde a chómhaoiniú chun leas a bhaint as saineolas a gcomhaltachtaí. Ar fud chúig réimse théamacha an athbhreithnithe seo, tacóidh sé sin le forbairt beartas, le tacaíocht chuí ó mhaoinitheoirí Éireannacha agus Albanacha.
- Reáchtálfaidh Éire agus Albain comhar struchtúrtha idir taighdeoirí agus oifigigh Éireannacha agus Albanacha ar bhonn píolótach, á chomhordú ag an Scottish Policy and Research Exchange (SPRE), agus é dírithe ar dhúshláin chomhroinnte a aithnítear i ngach ceann de chúig théama an athbhreithnithe seo.
- Éascóidh agus óstálfaidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath imeachtaí um chomhar acadúil chun cur le líonraí taighde atá ann cheana agus chun tacú le gníomhaíocht nua.
- Oibreoidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath le comhpháirtithe chun líonraí a bhunú dár ngrúpaí céimithe agus alumni faoi seach, agus béim ar leith á cur ar dheiseanna líonraithe do ghairmithe óga agus taighdeoirí luathghairme.
- Tabharfaidh oifigigh oideachais na hÉireann agus na hAlban creat nua chun críche le haghaidh comhair agus é mar aidhm acu an comhar reatha a fheabhsú agus tionscnaimh nua a fhorbairt i réimsí an bhreisoideachais, an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta. Beidh sé ina thosaíocht bealaí a aimsiú chun gluaiseacht mac léinn idir Éire agus Albain a chothú agus a spreagadh, lena n-áirítear forbairt clár tiomanta gluaiseachta idir institiúidí ardoideachais na hAlban agus na hÉireann a fhiosrú.

## Comhoibriú

Faoi dheireadh na bliana 2018, bhí **102** **taighdeoir ag oibriú i gcomhpháirt le taighdeoirí atá lonnaithe in Albain,** le tacaíocht ó **Fhondúireacht Eolaíochta Éirinn.**



Áirítear na réimsí seo a leanas i measc na réimsí taighde chomhroinnte leighis:

**Ginealas** **Haemacrómatóis** **Alcólachas** **Cógaisíocht** **Teicneolaíocht bhitheolaíochta**

(Ceistneoir don Athbhreithniú ar an gcaidreamh idir Éire agus Albain).

Réimsí taighde chomhroinnte ealaíon, daonnachtaí agus eolaíochtaí:

**Stair** **Seandálaíocht** **Litríocht** **Gàidhlig/Gaeilge** **Iarchoilíneachas** **Aigéaneolaíocht** **Dobharshaothrú** **Forbairt tuaithe** **Feirmeoireacht shóisialta**

(Ceistneoir don Athbhreithniú ar an gcaidreamh idir Éire agus Albain).

## Malartú

In 2018-19 bhí **1,970 mac léinn a raibh sainchónaí orthu in Éirinn** i mbun staidéir in **institiúidí na hAlban.**




(An Gníomhaireacht um Staidrimh Ardoideachais)

In 2017, **tháinig 46 mac léinn ó Ollscoileanna in Albain chun na hÉireann le staidéar** a dhéanamh tríd an gclár Erasmus+.




(Comhairle na Breataine).

# Pobail Tuaithe, Cois Cósta agus Oileán

Bhraith 73% de dhaoine a d'fhreagair an ceistneoir ar líne gurb é tíreolaíocht chomhroinnte phobail tuaithe, cois cósta agus oileán na hÉireann agus na hAlban an ceantar is láidre do chomhar, agus luadh é sa líon is mó tráchtanna. Tagann gach ceann de na téamaí eile athbhreithnithe le chéile i snáithe na bpobal Tuaithe, Cois Cósta agus Oileán, rud a chruthaíonn féidearthachtaí spleodracha le haghaidh comhair amach anseo.



Dún Fionnachaidh, Contae Dhún na nGall.
© Fáilte Éireann

Tá comhoibriú láidir ann faoi láthair ar gach leibhéal, a léiríonn an chomhpháirtíocht nádúrtha atá bunaithe ar ár saibhreas comhroinnte de phobail shuntasacha tuaithe, cois cósta agus oileán. D'fhoilsigh Albain a Plean Náisiúnta Oileán i Nollaig 2019 agus tabharfaidh Éire faoina Straitéis Oileán féin le linn thréimhse an rialtais seo.

Tá 17% de dhaonra na hAlban agus 37.4% de dhaonra na hÉireann ina gcónaí i gceantair thuaithe. In 2011, bhí daonra iomlán de 103,700 ar an 93 oileán in Albain a bhfuil cónaí orthu, thart ar 2% de dhaonra na hAlbain. Bhí daonra iomlán de 8,756 duine ina gcónaí ar 76 de na 82 oileán amach ó chósta na hÉireann, thart ar 0.2% de dhaonra na hÉireann.

Léirigh comhairliúcháin le ranna rialtais sa dá thír go bhfuil dlúthchomhar ann i réimsí na talmhaíochta, na foraoiseachta, agus an iascaigh agus na timpeallachta mara.

## Pobail

**Creideann 73% díobh siúd a d'fhreagair ceistneoir** go bhfuil **pobail tuaithe, chósta agus oileáin** an-tábhachtach don chaidreamh idir Éire agus Albain. (Ceistneoir Athbhreithnithe na hÉireann/na hAlban).



In 2011, bhí daonra iomlán **103,700 ar an 93 oileán in Albain** a bhfuil cónaí orthu. (Daonáireamh na Ríochta Aontaithe, 2011). Bhí daonra iomlán **8,756 duine ina gcónaí ar 76 den 82 oileán amach ó chósta na hÉireann.** (Daonáireamh 2016).



## Slite beatha


In 2018, shaothraigh an geilleagar aigéin in Éirinn láimhdeachas **€6.2 billiún** agus chuir sé **€2.2 billiún** díreach leis an ngeilleagar **(1.1% de OTI).** (Aonad Taighde Socheacnamaíoch Mara (SEMRU), Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2019).

**€6.2 billiún**



Tacaíonn Marine Scotland le hiascaireacht agus dobarshaothrú, bíonn láimhdeachas thart ar **£1.7 billiún acu agus cruthaíonn siad 75,000 post** in earnáil na mara agus sa turasóireacht mhara. (Marine Scotland).

**£1.7 billiún**



Tá seasamh na hAlban chun tosaigh ar an mbeartas um an athrú aeráide ina ábhar suime d'Éirinn, lena n-áirítear athchóiriú tailte portaigh agus fuinneamh in-athnuaite eischósta. Mar an gcéanna, spreagann clár rialtais na hÉireann obair na hAlban ar láir bhailte mar eiseamláir a d'fhéadfaí a leanúint.

Tá roinnt clár ag Údarás na Gaeltachta (an ghníomhaireacht atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na réigiún in Éirinn ina labhraítear Gaeilge) a bhaineann leas as naisc atá ann cheana féin, a chruthaíonn naisc nua agus a fhorbraíonn naisc eacnamaíocha níos láidre idir réigiúin Ghaeltachta na hÉireann agus Iarthar na hAlban. Tá an tionscadal gteic (Gréasán Digiteach na Gaeltachta) ina líonra de 31 mol nuálaíochta agus digiteach i suíomhanna ar fud cheantar Gaeltachta na hÉireann. Cuirfidh moil dhigiteacha gteic líonra bríomhar áiseanna leathanbhanda ardluais ar fáil i réigiúin tuaithe Ghaeltachta, chun cruthú poist a spreagadh, cabhrú leis an gcianobair, agus filleadh Dhiaspóra na Gaeltachta a spreagadh agus a chumasú, áit a stiúrann cultúr uathúil na Gaeltachta an chruthaitheacht agus an nuálaíocht. Is spéis leis an Albain an tsamhail sin.

Tá sé d'aidhm ag Rialtas na hAlban méadú a fheiceáil ar líon na ndaoine a labhraíonn, a úsáideann agus a fhoghlaimíonn Gaeilge na hAlban. Tá cur chun cinn ealaíona agus chultúr Ghaeilge na hAlban ina ghné tábhachtach dó sin. Ghlac Creative Scotland páirt i gcomhdháil amharclannaíocht Ceangal | Dolen II a reáchtáladh an 10–13 Samhain 2020. Ba é an chomhdháil an dara tionól dírithe do chleachtóirí amharclannaíochta a oibríonn le Gaeilge na hÉireann, leis an mBreatnais, agus le Gaeilge an hAlban faoi seach. Dhírigh an tionól ar an nuálaíocht san amharclannaíocht sna teangacha sin, tríd an dea-chleachtas a roinnt agus meas, éagsúlacht teanga agus an comhionannas a chothú.

## Ag Féachaint ar Aghaidh

Léirigh aighneachtaí leis an athbhreithniú agus leis an gceistneoir ar líne na dúshláin agus teannais a bhíonn roimh ár bpobail tuaithe, cois cósta agus oileán ó lá go lá – go háirithe maidir le fuinneamh, an turasóireacht, an tírdhreach agus slite beatha.

Cé go gcuireann an Breatimeacht agus an phaindéim dhomhanda leis an dúshláin agus teannais sin a bhfuil ann dóibh le fada an lá, tá deiseanna ann le haghaidh athrú dearfach. Nuair a chuirtear san áireamh lena chéile iad, osclaíonn méadú ar an obair ón mbaile agus ó chian béim athnuaite ar na buntáistí a bhaineann leis an gcomhchruinniú, samhlacha athraitheacha gnó agus oibre, agus níos lú comaitéireachta deiseanna corraitheacha féideartha dár bpobail agus sochaithe tuaithe, cois cósta agus oileán. Mar thoradh air sin, tá béim athnuaite ann anois ar nascacht na tuaithe (nascacht dhigiteach agus iompair), ar inbhuanaitheacht phobal agus ar dhílárú seirbhísí.



Arbroath smokies á n-ullmhú ag Iain R Spink ar an trá ag Auchmithie.
© VisitScotland/Kenny Lam



Cuan Chliara, Maigh Eo.
© Fáilte Ireland

## Cás-staidéar: Oileáin Chliste: Albain agus Éire

Mar chuid de Thionscnamh Oileán Cliste an Aontas Eorpaigh, tá pobail oileán de chuid na hÉireann agus na hAlban ag obair le bheith ina sochaithe cliste, ionchuimsitheacha agus rathúla. Mar chuid den obair a rinneadh le déanaí, tugadh faoi shraith cuairteanna idir pobail oileán, dírithe ar fhorbairt inbhuanaithe shóisialta, eacnamaíoch agus pobail.

Bhuail oileánaigh ó oileáin Eigg agus Canna le hoileánaigh ó Chliara agus Inis Toirc i gContae Mhaigh Eo agus tugadh faoi cuairteanna ar an láthair agus ceardlanna faoi 'Oileáin Chliste'. Dhírigh cuairt oileánach de chuid na hÉireann agus na hAlban ar Grimsay ar chultúr agus an fhéiniúlacht, an chrochtóireacht, an turasóireacht, agus scileanna oileáin a fhorbairt, agus ghlac crochtóirí agus ceoltóirí óga, chomh maith le hoifigigh fiontair, ealaíon, turasóireachta agus forbartha teanga páirt inti. D'fhreastail oileánaigh as Éirinn agus as Albain ar oiliúint i nGaillimh, ag féachaint ar fhorbairt fiontair oileánbhunaithe, agus scileanna cóitseála chun tacú lena gcomhoileánaigh. Mar thoradh díreach ar a gcuid oibre lena chéile, forbraíodh naíonra lasmuigh do leanaí ar Inis Arcáin, á spreagadh ag saoráid den chineál céanna ar Grimsay.

## Moltaí

- Tionólfaidh Rialtas na hAlban agus Rialtas na hÉireann, i gcomhar le hOllscoil na nGarbhchríoch agus na nOileán agus Údarás na Gaeltachta, comhdháil in 2021 chun comhghníomhaíocht a fhorbairt a thabharfaidh aghaidh ar na deiseanna agus dúshláin a bhaineann le cónaí i bpobail tuaithe, cois cósta agus oileán, an chaoi a gcuireann dul in oiriúint do chomhthéacs COVID-19 bonn eolais faoin bpleanáil beartais san áireamh.

- Leanfaidh Foras na Mara agus Marine Scotland leis an gcomhar foirmiúil chun tabhairt faoi thaighde a rachaidh chun sochair an dá eagraíocht. Tá aird tarraingthe ag Rialtas na hAlban ar na buntáistí atá le baint as comhoibriú ar an ngeilleagar gorm agus as an dobarshaothrú agus ar an bhféidearthacht atá ann do mhalartuithe taighde idir a bpáirceanna mara agus lárionaid nuálaíochta faoi seach.

- Cuirfidh Teagasc (Gníomhaireacht Forbartha Talmhaíocht agus Bia na hÉireann) agus Scotland's Rural College (SRUC) lena gcomhar reatha taighde, chun réimse níos leithne téamaí agus gníomhaíochtaí taighde a chlúdach, agus feidhmeanna comhairliúcháin agus oideachais a chur san áireamh, sa bhreis ar chaidrimh a fhorbairt le hinstitiúidí eile.

- Díreoidh comhar reatha agus comhar féideartha amach anseo idir earnálacha foraoiseachta na hAlban agus na hÉireann ar ról na foraoiseachta maidir le dul i ngleic le dúshláin um an athrú aeráide a mhéadú, geilleagair foraoiseachta a fhás, foraoisiú, poist ghorma a chruthú agus cur leis an téarnamh ó éigeandáil COVID-19.

- Bunaithe ar shuimeanna coiteanna i bpobail inbhuanaithe fhéinleorga oileáin a thógáil ag baint úsáid as nuálaíochtaí i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite chun aghaidh a thabhairt ar dhídhaonrú oileán, féachfaidh Rialtas na hÉireann agus Rialtas na hAlban le leanúint leis an gcómhalartú agus comhroinnt ceachta sna réimsí sin.

- Oibreoidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath i gcomhar le heagraíochtaí gnó agus údaráis áitiúla chun socruithe eile nasctha a spreagadh idir Albain agus Éire, sa chás gur féidir leo siúd luach a chur le naisc reatha agus naisc nua.

- San áireamh le gach moladh a thiocfaidh ón gcomhathbhreithniú déthaobhach seo, iad siúd sa tuarascáil seo, agus iad siúd a chomhaontóidh an dá rialtas le linn gach athbhreithnithe bhliantúil, beidh fócas ar phobail tuaithe, cois cósta agus oileán.



Sheiling comórtha chun finscéal ársa Dheirdre agus Naoise agus stair chomhroinnte mhuintir na hAlban agus na hÉireann a cheiliúradh. Agus é lonnaithe sna sléibhte óna bhfuil radharc amach ar Loch Etive, Argyll, choimisiúnaigh Sam Macdonald an sheiling [focal ársa ar scáthlán sléibhe], nó buaile, chun ceiliúradh a dhéanamh ar a bhean chéile, an scéal grá idir Deirdre agus Naoise, agus na naisc chultúrtha idir Éire agus Albain.
© Julia Fayngruen

# Iarscríbhinn 1: Moltaí

Déanfaidh an Coiste Stiúrtha monatóireacht ar an dul chun cinn ar na moltaí sa tuarascáil seo agus chuirfear é in iúl d'airí go bliantúil, tráth a ndéanfar moltaí nua a chomhaontú.

## Idir an dá Rialtas

- Buailfidh an Taoiseach agus Chéad-Aire na hAlban lena chéile ag cruinnithe mullaigh leathbhliantúla Chomhairle na Breataine-na hÉireann, agus cinnteoidh siad go bhfanfaidh a n-airí i ndlúth-theagmháil.
- Mar cheannasaithe ar an gcaidreamh déthaobhach, fanfaidh Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉireann agus Rúnaí Comh-aireachta Gnóthaí Eachtracha na hAlban i dteagmháil leanúnach, agus buailfidh siad lena chéile gach bliain go sonrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar mholtaí an athbhreithnithe seo, agus moltaí nua a chomhaontú.
- Buailfidh Coiste Stiúrtha an Athbhreithnithe Dhéthaobhaigh, ar a bhfuil oifigigh ábhartha shinsearacha ó Roinn Gnóthaí Eachtracha na hÉireann agus Stiúrthóireacht Gnóthaí Eachtracha Rialtas na hAlban, lena chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.
- Tá Albain agus Éire tiomanta go fóill d'fhís agus údarás Chomhairle na Breataine-na hÉireann (BIC), a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta/Bhéal Feirste, agus oibreoidh siad chun feabhas a chur ar an gcomhar trí BIC, nuair is féidir.
- Oibreoidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath le Tithe an Oireachtais (Dáil Éireann agus Seanad Éireann) agus le Parlaimint na hAlban chun tacú le teagmháil mhéadaithe idir parlaiminteoirí, agus rannpháirtíocht trasphháirtí inár gcomhobair.
- Leanfaidh oifigigh shláinte na hÉireann agus na hAlban ag obair as lámh a chéile tríd an bhFóram Sláinte agus tabharfaidh siad faoi na poist ar iasacht a pleanáladh roimhe seo ach ar cuireadh moill orthu mar gheall ar COVID-19. Leanfaidh an dá rialtas lena ndea-chomhar ar iarrachtaí dul i ngleic le paindéim COVID-19, ag lorg comhar a rachaidh chun sochar an dá cheann acu sa tasc sin i gcás inar iomchuí.
- Ag cur lenár gcomhoibriú sa Mhaláiv, beidh cómhalartú ag oifigigh Éireannacha agus Albanacha ar shaincheisteanna forbartha idirnáisiúnta in 2021, lena n-áirítear ar bheartas na hÉireann ar an bhforbairt idirnáisiúnta, 'Domhan Níos Fearr', agus an bhéim a chuirtear ar shaincheisteanna a bhaineann le comhionannas inscne, gníomh ar son na haeráide, rialachas agus leis an ngá daonnúil a laghdú ann.

## Gnó agus Geilleagrach

» Tacóidh an dá rialtas le líonraí ábhartha gnó-le-gnó ina gcuid oibre chun naisc phearsanta agus ghnó a thógáil idir Albain agus Éire.

» Oibreoidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath lenár ngníomhaireachtaí eacnamaíocha, comhlachais tráchtála, údaráis áitiúla, agus Comhlachas Tráchtála na Breataine-na hÉireann chun réimse imeachtaí agus gníomhaíochta a chur ar siúl a dhéanfaidh na rudaí seo a leanas:

- Díreoidh siad ar na dúshláin chomhroinnte – go háirithedo FBManna – a eascraíonn as COVID-19.
- Comhroinnfidh siad na ceachtanna a foghlaimíodh agus soláthróidh siad deiseanna le haghaidh naisc fheabhsaithe gnó-le-gnó.
- Cinnfidh siad an chaoi ar mian leis an bpobal gnó níos forleithne go bhforbróidh an caidreamh déthaobhach i ndiaidh COVID-19 agus sa chomhthéacs athraitheach idirnáisiúnta.

» In 2021, agus muid ag obair le raon leathan gnólachtaí agus comhpháirtithe rialtais áitiúil, an tAonad Faisnéise Rialtais Áitiúil san áireamh, díreoimid ar dhúshláin choiteanna agus ar cheachtanna a foghlaimíodh do FBManna i margaí intíre agus easpórtála, agus ar iarrachtaí rialtais áitiúil agus gnólachtaí tacaíocht a chur ar fáil do láir bhailte inbhuanaithe agus iad a atógáil.

» Comhóstálfaidh an dá rialtas comhdháil trádála, faoi stiúir Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath, chun tuairimí a chloisteáil ó réimse leathan páirtithe leasmhara, ina measc eagraíochtaí ionadaíocha gnó, comhlachais tráchtála, agus páirtithe leasmhara fiontair eile.

» In 2021, tacóidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath le foirmiú Thascfhórsa Trádála na hAlban-na hÉireann. Déanfaidh an Tascfhórsa teagmháil leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun forbairt caidreamh trádála idir Éire agus Albain a chur chun cinn. Déanfar formáid agus sainchúram an Tascfhórsa a shocrú i ndiaidh comhairliúchán le gníomhaireachtaí trádála, ionadaithe ón tionscal agus comhlachais tráchtála.

» Comhoibreoidh Éire agus Albain ar thaighde maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite eischósta agus ar iad a fhorbairt, chun a chur ar chumas na dteicneolaíochtaí sin a bheith in-imscartha ar bhonn tráchtála, go háirithe sna ceantair ina bhfuil fuinneamh gaoithe agus tonnta ar snámh.

» Rachaidh Éire i dteagmháil le Rialtas na hAlban maidir lena chur chuige i leith gheilleagar na folláine agus an aistrithe chóir i mbeartas um an Athrú Aeráide.

» Óstálfaidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath imeachtaí dírithe gnó agus trádála, agus beidh seóthaispeántais bhliantúla ann dírithe ar Lá Fhéile Pádraig agus Lá Naomh Aindrias.

## Pobal agus Diaspóra

» Reáchtálfaidh Éire agus Albain dhá imeacht comhroinnte diaspóra agus oidhreachta in Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada in 2021, i gcomhar le líonra oifigí Rialtas na hAlban i Meiriceá Thuaidh.

» Tabharfaidh an Ard-Chonsalacht i nDún Éideann faoi fheachtas feasachta in Albain chun rannpháirtíocht i gClár Tacaíochtaí Imirceach Rialtas na hÉireann a mhéadú.

» Cuirfidh Oifig Rialtas na hÉireann i mBaile Átha Cliath tuilleadh lena teagmháil le diaspóra na hAlban in Éirinn, agus lena naisc leis, trína clár d'imeachtaí féile geimhridh.

» Leathnóidh an Ard-Chonsalacht i nDún Éideann an ceiliúradh ar Lá Fhéile Bríde gach bliain ar fud na hAlban i ndiaidh an imeachta rathúil a reáchtáladh in 2020 i Leabharlann na mBan i nGlaschú.

» Fiosróidh Albain taithí beartais diaspóra na hÉireann, agus foghlaimeoidh sí uaithi, trí theagmháil a dhéanamh le hAonad na nÉireannach Thar Lear de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha i mBaile Átha Cliath agus le cuir chuige éagsúla mhisin taidhleoireachta na hÉireann.

» Tacóidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha le himeacht Donegal Connect Chomhairle Contae Dhún na nGall i nGlaschú, atá beartaithe do 2021.

## Cultúr

- Maoineoidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath cláreagú comhpháirteach ardleibhéil chun tacú le ceiliúradh 1,500 bliain ó bhreith Choilm Cille (Nollaig 2020-21), chun saothar agus taibhiú comhaimseartha a léiríonn an oidhreacht chomhroinnte idirnáisiúnta seo a chur ar taispeáint.
- Forbróidh Éire agus Albain an comhar struchtúrtha den scoth idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus Historic Environment Scotland (HES), ag díriú go háirithe ar shéadchomharthaí a chosaint ar thionchar an athraithe aeráide, agus forbairt scileanna caomhantais. Éascóidh meabhrán nua tuisceana idir HES agus Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na hÉireann malartú eolais agus comhar struchtúrtha chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide ar ár n-oidhreacht thógtha agus seandálaíochta.
- Oibreoidh Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath le hÉigse Éireann agus Leabharlann Filíochta na hAlban chun clár malartaithe a fhorbairt chun scoileanna agus daoine óga a thabhairt le chéile chun saothar agus taibhiú a chomhchruthú.
- Déanfaidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath ceiliúradh ar chomhléirithe Albanacha-Éireannacha i nGaeilge/nGàidhlig agus i mBéarla mar fhéile teilifíse ar líne i gcomhpháirt le Féile na Meán Ceilteach.
- Cuirfidh Éire agus Albain leis an gcomhar bliantúil idir Showcase Scotland agus Tradfest chun an chuid is fearr dár dtraidisiúin cheoil a chur chun cinn.
- Tacóidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann le Conradh na Gaeilge chun próifíl a ghníomhaíochta Gaeilge in Albain a ardú.
- Óstálfaidh Ambasáid an hÉireann i Londain agus Scotland House i Londain, gach ré bliain, ceiliúradh bliantúil ar ár ndáimh choiteann chultúrtha.
- Comhóstálfaidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath imeacht in 2021 chun an dea-chleachtas a roinnt maidir leis an rannpháirtíocht agus an ionchuimsitheacht sa spórt.

## Naisc Acadúla agus Thaighde

- Oibreoidh Rialtas na hAlban agus Rialtas na hÉireann (tríd an Roinn Gnóthaí Eachtracha) i gcomhpháirt leis an Royal Society of Edinburgh (RSE) agus le hAcadamh Ríoga na hÉireann (RIA), chun comhar struchtúrtha taighde a chómhaoiniú chun leas a bhaint as saineolas a gcomhaltachtaí. Ar fud chúig réimse théamacha an athbhreithnithe seo, tacóidh sé sin le forbairt beartas, le tacaíocht chuí ó mhaoinitheoirí Éireannacha agus Albanacha.
- Reáchtálfaidh Éire agus Albain comhar struchtúrtha idir taighdeoirí agus oifigigh Éireannacha agus Albanacha ar bhonn píolótach, á chomhordú ag an Scottish Policy and Research Exchange (SPRE), agus é dírithe ar dhúshláin chomhroinnte a aithnítear i ngach ceann de chúig théama an athbhreithnithe seo.
- Éascóidh agus óstálfaidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath imeachtaí um chomhar acadúil chun cur le líonraí taighde atá ann cheana agus chun tacú le gníomhaíocht nua.
- Oibreoidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath le comhpháirtithe chun líonraí a bhunú dár ngrúpaí céimithe agus alumni faoi seach, agus béim ar leith á cur ar dheiseanna líonraithe do ghairmithe óga agus taighdeoirí luathghairme.
- Tabharfaidh oifigigh oideachais na hÉireann agus na hAlban creat nua chun críche le haghaidh comhair agus é mar aidhm acu an comhar reatha a fheabhsú agus tionscnaimh nua a fhorbairt i réimsí an bhreisoideachais, an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta. Beidh sé ina thosaíocht bealaí a aimsiú chun gluaiseacht mac léinn idir Éire agus Albain a chothú agus a spreagadh, lena n-áirítear forbairt clár tiomanta gluaiseachta idir institiúidí ardoideachais na hAlban agus na hÉireann a fhiosrú.

## Pobail Tuaithe, Cois Cósta agus Oileán

- Tionólfaidh Rialtas na hAlban agus Rialtas na hÉireann, i gcomhar le hOllscoil na nGarbhchríoch agus na nOileán agus Údarás na Gaeltachta, comhdháil in 2021 chun comhghníomhaíocht a fhorbairt a thabharfaidh aghaidh ar na deiseanna agus dúshláin a bhaineann le cónaí i bpobail tuaithe, cois cósta agus oileán, an chaoi a gcuireann dul in oiriúint do chomhthéacs COVID-19 bonn eolais faoin bpleanáil beartais san áireamh.

- Leanfaidh Foras na Mara agus Marine Scotland leis an gcomhar foirmiúil chun tabhairt faoi thaighde a rachaidh chun sochair an dá eagraíocht. Tá aird tarraingthe ag Rialtas na hAlban ar na buntáistí atá le baint as comhoibriú ar an ngeilleagar gorm agus as an dobarshaothrú agus ar an bhféidearthacht atá ann do mhalartuithe taighde idir a bpáirceanna mara agus lárionaid nuálaíochta faoi seach.

- Cuirfidh Teagasc (Gníomhaireacht Forbartha Talmhaíocht agus Bia na hÉireann) agus Scotland's Rural College (SRUC) lena gcomhar reatha taighde, chun réimse níos leithne téamaí agus gníomhaíochtaí taighde a chlúdach, agus feidhmeanna comhairliúcháin agus oideachais a chur san áireamh, sa bhreis ar chaidrimh a fhorbairt le hinstitiúidí eile.

- Díreoidh comhar reatha agus comhar féideartha amach anseo idir earnálacha foraoiseachta na hAlban agus na hÉireann ar ról na foraoiseachta maidir le dul i ngleic le dúshláin um an athrú aeráide a mhéadú, geilleagair foraoiseachta a fhás, foraoisiú, poist ghorma a chruthú agus cur leis an téarnamh ó éigeandáil COVID-19.

- Bunaithe ar shuimeanna coiteanna i bpobail inbhuanaithe fhéinleorga oileáin a thógáil ag baint úsáid as nuálaíochtaí i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite chun aghaidh a thabhairt ar dhídhaonrú oileán, féachfaidh Rialtas na hÉireann agus Rialtas na hAlban le leanúint leis an gcómhalartú agus comhroinnt ceachta sna réimsí sin.

- Oibreoidh Ard-Chonsalacht na hÉireann i nDún Éideann agus Oifig Rialtas na hAlban i mBaile Átha Cliath i gcomhar le heagraíochtaí gnó agus údaráis áitiúla chun socruithe eile nasctha a spreagadh idir Albain agus Éire, sa chás gur féidir leo siúd luach a chur le naisc reatha agus naisc nua.

- San áireamh le gach moladh a thiocfaidh ón gcomhathbhreithniú déthaobhach seo, iad siúd sa tuarascáil seo, agus iad siúd a chomhaontóidh an dá rialtas le linn gach athbhreithnithe bhliantúil, beidh fócas ar phobail tuaithe, cois cósta agus oileán.



Tobermory, Oileán Mull.
© VisitScotland/Kenny Lam

# Iarscríbhinn 2: Ceistneoir

Rinne Rialtas na hAlban an ceistneoir ar líne, a bhí mar chuid den chomhchleachtadh comhairliúcháin phoiblí a rinneadh mar chuid den athbhreithniú déthaobhach, a óstáil ar a shaoráid Citizen Space. Bhí an ceistneoir beo ón 19 Nollaig 2019 go dtí an 20 Márta 2020. Fuarthas 1,068 freagra ar an gcleachtadh rannpháirtíochta ar líne, ó cheann ceann an dá thír, agus áirítear leo freisin 70 freagra ó thaobh amuigh d'Éirinn agus Albain. Fuarthas formhór na bhfreagraí ó dhaoine aonair (96%), agus, ar an iomlán, fuarthas freagraí agus aighneachtaí ar an athbhreithniú ó 49 eagraíocht. Foilseofar anailís ar na freagraí sin ar gov.scot.

## Léargas

Is trí **imeachtaí agus ócáidí spóirt** is láidre a bhfuil **lorg na hAlban le feiceáil in Éirinn.**



Is trí **láithreacht/ eagraíochtaí pobail agus diaspóra is mó** a bhfuil **lorg na hÉireann** le feiceáil **in Albain.**



**1,068**

**freagairt** ar ár gcomhchomhairliúchán ar líne.



Bhreathnaigh **79%** **ar an gcaidreamh idir Éire agus Albain** ar bhealach **dearfach.**

Shíl **75%** go méadóidh tábhacht **an chaidrimh sna cúig bliana amach romhainn.**



Inis Mór, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe.
© Fáilte Ireland.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Scottish Government
Riaghaltas na h-Alba
gov.scot